



An Bhruiséil, 30 Samhain 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0051(COD)

15024/1/22
REV 1

DRS 64
SUSTDEV 203
CODEC 1793
COMPET 928

NÓTA

ó: Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 6533/22
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE maidir le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht
Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937
- Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

1. An 23 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh Treoir maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaitheachta Corparáidí agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937¹.
2. Sa Treoir atá beartaithe, bunaithe ar Airteagal 50 agus Airteagal 114 CFAE, leagtar síos rialacha i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhrí agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra luacha arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó bunaithe ag an gcuideachta leo. Leagtar síos leis freisin rialacha maidir le dliteanas i leith sáruithe ar na hoibleagáidí sin.

¹ 6533/22 + ADD 1

3. Is é is aidhm don Treoir atá beartaithe creat cothrománach a leagan amach chun rannchuidiú gnólachtaí atá ag feidhmiú sa mhargadh aonair a chothú i dtreo aistriú an Aontais chuig geilleagar atá aeráidneodrach agus glas a bhaint amach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.
4. Cheap an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) i bParlaimint na hEorpa Lara WOLTERS (S&D, NL) mar rapóirtéir ar an togra, agus iarradh ar ocht gcoiste tuairim a thabhairt, eadhon an Coiste um Fhorbairt (DEVE), an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO), an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET), an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON), an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA), agus an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL), agus na cúig choiste deireanach sin ina gcoistí gaolmhara. Táthar ag súil go vótálfaidh Coiste JURI ar a leasuithe ar an togra ón gCoimisiún agus go nglacfaidh sé an sainordú caibidlíochta ag deireadh mhí an Mhárta 2023, agus meastar go ndéanfar vótáil ar an sainordú caibidlíochta ag an suí iomlánach i mí na Bealtaine 2023.
5. Glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Iúil 2022.²

II. OBAIR A RINNEADH LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

6. Ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Feabhra 2022, d'éist an Chomhairle le cur i láthair ón gCoimisiún maidir le hábhar agus aidhm na Treorach atá beartaithe.
7. An 24 Deireadh Fómhair 2022, tar éis iarraidh a fháil ó thoscaireacht BE, le tacaíocht ó thoscaireacht ES, cuireadh an Chomhairle Comhshaoil ar an eolas faoin obair agus faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis an Treoir atá beartaithe.

² 11489/22.

8. Thug Coiste na mBuanionadaithe treoir le haghaidh obair bhreise an 26 Deireadh Fómhair 2022. Ag cur leis na seasaimh a chuir na toscaireachtaí in iúl, a forbraíodh a thuilleadh ag an Meitheal um Dhlí na gCuideachtaí, chuir an Uachtaránacht téacs comhréitigh athbhreithnithe faoi bhráid chruinniú Choiste na mBuanionadaithe an 18 Samhain 2022 chun Cur Chuige Ginearálta a ullmhú i ndáil leis an togra. Dearbhaíodh ag an gcruinniú, áfach, cé gur chomhaontaigh na toscaireachtaí ar an gcuid is mó den togra, go raibh a dtuairimí fós éagsúil maidir le líon beag saincheisteanna.
9. Bunaithe ar na tuairimí a cuireadh in iúl ag an gcruinniú sin, chuir an Uachtaránacht téacs comhréitigh nua ar aghaidh ag an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 25 Samhain 2022, chun bailchríoch a chur ar na hullmhúcháin don Chur Chuige Ginearálta maidir leis an téacs. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl fós go raibh inní orthu, go háirithe maidir leis an sainmhíniú nua ar ‘shlabhra gníomhaíochtaí’ a leagtar amach in Airteagal 3(g). Thíolaic an Uachtaránacht téacs comhréitigh athbhreithnithe maidir leis an bhforáil sin a fuair tacaíocht leathan agus a tugadh isteach in 15024/22 d’fhonn teacht ar Chur Chuige Ginearálta ag an gComhairle Iomaíochais an 1 Nollaig 2022. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe fós ag roinnt toscaireachtaí maidir leis an téacs comhréitigh.
10. Tar éis an phlé a rinneadh ag cruinniú Choiste na mBuanionadaithe an 25 Samhain 2022, lean roinnt toscaireachtaí den cheist thábhachtach a chur i dtaobh chumhdach an tsoláthair seirbhísí airgeadais a bhí le déanamh ag na gnóthais airgeadais rialáilte. Ós rud é gur forbraíodh seasamh roinnt Ballstát ó bhí an cruinniú sin ann, mheas an Uachtaránacht gur cheart do Choiste na mBuanionadaithe an tsaincheist thábhachtach sin a scrúdú a thuilleadh roimh an gComhairle Iomaíochais.

11. Bhain an plé a bhí ag cruinniú Choiste na mBuanionadaithe an 30 Samhain 2022 le comhréiteach nua ón Uachtaránacht maidir le cumhdach na seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn gnóthais airgeadais rialáilte sa Treoir atá beartaithe. Chuir roinnt toscaireachtaí a n-imní in iúl agus bhí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe fós acu maidir leis an téacs. Chinn an Uachtaránacht go n-áireofaí sa téacs comhréitigh comhdhlúite an comhréiteach a cuireadh i láthair agus go gcuirfí ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) é an 1 Nollaig 2022, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le Cur Chuige Ginearálta. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo an téacs comhréitigh athbhreithnithe faoi mar atá sé anois tar éis chruinniú Coreper an 30 Samhain 2022. Na hathruithe a rinneadh ar an téacs a cuireadh faoi bhráid na Comhairle cheana féin³, léirítear iad **i gcló trom agus líne fúthu** i gcás téacs a cuireadh isteach agus [...] don téacs a scríosadh.

III. PRÍOMHGHNÉITHE AN CHOMHRÉITIGH

A. Raon feidhme (Airteagal 2)

12. Bunaítear le hAirteagal 2 raon feidhme pearsanta chur i bhfeidhm na Treorach atá beartaithe agus leagtar amach na critéir chun a chinneadh cé na cuideachtaí a mbeadh orthu dícheall cuí a dhéanamh (Airteagal 2(1) agus (2)). Tá na critéir bunaithe ar líon na bhfostaithe agus ar an nglanláimhdeachas domhanda do chuideachtaí an Aontais, agus ar an nglanláimhdeachas a ghintear san Aontas do chuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad. Chaithfí na critéir a chomhlíonadh ar leibhéal na gcuideachtaí aonair, mar a mhol an Coimisiún, ach ar feadh 2 bhliain airgeadais as a chéile. Chomh maith leis sin, tugadh isteach foráil lena gceadaítear do chuideachtaí cuid de na hoibleagáidí díchill chuí ar leibhéal grúpa a chomhlíonadh (Airteagal 4a).
13. Maidir le cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, má chomhlíonann siad critéar an ghlánláimhdeachais a ghintear san Aontas, thiofadh siad faoi raon feidhme pearsanta na Treorach atá beartaithe, is cuma má tá craobh nó fochuideachta acu san Aontas. Cuireadh foráil nua isteach in Airteagal 21(1a) lena gceanglófaí ar an gCoimisiún córas slán malartaithe faisnéise a chur ar bun maidir leis an nglanláimhdeachas arna ghiniúint san Aontas ag cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad nach bhfuil craobh acu san Aontas nó a bhfuil craobhacha acu i roinnt Ballstát chun an Ballstát inniúil a chinneadh.

³ 15024/22.

14. Coinníodh loighic fhoriomlán raon feidhme agus thairseacha líon na bhfostaithe agus an ghlanláimhdeachais mar atá sa togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, áirítear sa téacs comhréitigh freisin clásal céimnithe isteach agus tréimhse bliana ‘*vacatio legis*’ idir deireadh na tréimhse trasuí agus cur i bhfeidhm rialacha na Treorach atá beartaithe (Airteagal 30) chun comhréireacht na rialacha nua a tugadh isteach mar a mhol a lán toscaireachtaí a áirithiú. Dá bhrí sin, beidh feidhm ar dtús ag rialacha na Treorach atá beartaithe maidir le cuideachtaí an-mhóra a bhfuil níos mó ná 1000 fostaí agus glanláimhdeachas domhanda EUR 300 milliún acu, nó 300 milliún glanláimhdeachas arna nginiúint san Aontas le haghaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad 3 bliana ón teacht i bhfeidhm.
15. Chun raon feidhme na Treorach atá beartaithe a shoiléiriú tuilleadh, rinneadh liosta na n-earnálacha ardriosca (Airteagal 2(1)(b)) a fhorlíonadh le hIarscríbhinn nua (Iarscríbhinn II) ina raibh na cóid NACE a chomhfhreagraíonn do na hearnálacha liostaithe.
16. Tá clásal athbhreithnithe mionsonraithe (Airteagal 29) ag gabháil le hAirteagal 2 faoina dtuairisceoidh agus faoina measfaidh an Coimisiún an gá na tairseacha maidir le líon na bhfostaithe agus an glanláimhdeachas, liosta na n-earnálacha ardriosca agus critéar an ghlanláimhdeachais arna ghiniúint san Aontas i ndáil le cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad a athbhreithniú amach anseo. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh freisin ar cheart an cur chuige aonair a athrú go cur chuige comhdhlúite, agus ar cheart raon feidhme pearsanta na Treorach atá beartaithe a athbhreithniú ionas gur cheart daoine dlítheanacha eile atá comhdhéanta mar fhoirmeacha dlíthiúla atá éagsúil leis na foirmeacha dá bhforáiltear faoi láthair sa Treoir atá beartaithe a chumhdach.

B. Sainmhínithe (Airteagal 3)

i. Páirtí gnó (Airteagal 3, pointí (e) agus (f))

17. Scríosadh an sainmhíniú ar an gcaidreamh gnó seanbhunaithe a mhol an Coimisiún ó phointe (f) d’Airteagal 3, , ós rud é gur éiríodh as an gcoincheap ina iomláine. Ina ionad sin, ní úsáidtear ach an sainmhíniú ar ‘comhpháirtí gnó’ i bpointe (e) d’Airteagal 3, (‘caidreamh gnó’ mar a mhol an Coimisiún). Chun indéantacht cuideachtaí a áirithiú agus chun ailíniú leis an gcreat idirnáisiúnta, neartaíodh an cur chuige rioscabhunaithe sa togra, go príomha trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 6 (mapáil agus grinnmheasúnú ar dhrochthionchair) agus trí Airteagal 6a nua a thabhairt isteach maidir le tosaíocht a thabhairt do na drochthionchair. Nuair nach féidir aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair go léir ag an am céanna, tabharfaidh cuideachtaí tosaíocht do na drochthionchair bunaithe ar a ndéine agus a ndóchúlacht, agus tabharfaidh siad aghaidh ar dtús ar na cinn is suntasaí sula rachaidh siad ar aghaidh chuig na cinn is lú tábhacht. Déanfar measúnú ar dhéine drochthionchair bunaithe ar a thromchúisí atá sé, ar líon na ndaoine nó ar mhéid na timpeallachta lena mbaineann, agus ar a dheacra atá sé an cás a athbhunú roimh an tionchar.

ii. Slabhra gníomhaíochtaí (Airteagal 3(g))

18. Cuireadh téarma neodrach ‘slabhra gníomhaíochtaí’ in ionad an téarma ‘slabhra luacha’ atá sa togra ón gCoimisiún chun tuairimí éagsúla na mBallstát a léiriú maidir leis an tsaincheist an ‘slabhra luacha’ iomlán a chumhdach nó an raon feidhme a theorannú don ‘slabhra soláthair’, agus chun mearbhall le sainmhínithe atá ann cheana a sheachaint ós rud é go ndearnadh ábhar an téarma a mhodhnú.

19. Maidir le hábhar an ‘slabhra gníomhaíochtaí’, bhog an téacs comhréitigh ar aghaidh ó choincheap ‘slabhra luacha’ iomlán níos mó i dtreo choincheap an tslabhra soláthair trí chéim úsáide tháirgí na cuideachta nó soláthair seirbhísí a fhágáil ar lár go hiomlán. Chun soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú, cuireadh liosta de ghníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe gnó a chumhdaítear san áireamh sa sainmhíniú atá beartaithe ar ‘slabhra gníomhaíochtaí’. Ós rud é gur luadh na gníomhaíochtaí sin cheana in aithris (18), bhog an Uachtaránacht iad chuig an gcuid oibríochtúil den téacs. Ina theannta sin, cuireadh isteach díolúine maidir le táirgí atá faoi réir rialú onnmhairiúcháin (i.e. ítimí dé-úsáide agus armra) i ndáil le dáileadh, iompar, stóráil agus diúscairt táirge den sórt sin. Ag an gcruinniú a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 25 Samhain 2022, rinneadh tuilleadh modhnuithe chun na codanna réamhtheachtacha agus iartheachacha den sainmhíniú a shoiléiriú.

C. Gnóthais airgeadais rialáilte (Airteagal 2(8), Airteagal 3, pointí (a) agus (g), Airteagal 6(3), Airteagal 7(6), Airteagal 8(7) agus Airteagal 10(2), Airteagal 29, pointe (ca))

20. Tar éis tuilleadh plé a dhéanamh ag cruinniú Choiste na mBuanionadaithe an 30 Samhain 2022 maidir le cumhdach an tsoláthair seirbhísí airgeadais a dhéanfadh na gnóthais airgeadais rialáilte, tíolacadh téacs comhréitigh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní a bhí fós ag roinnt toscaireachtaí, agus an cinneadh maidir le cibé acu soláthar na seirbhísí airgeadais a dhéanfadh gnóthais airgeadais rialáilte a áireamh nó gan é a áireamh a fhágáil faoi gach Ballstát agus an Treoir á trasú acu. Tugadh isteach athruithe ina leith sin ar Airteagail 2(8), 3(g), 10(2) agus ar Airteagal 29, pointe (ca). Leasaíodh na haithrisí gaolmhara (19), (34), (36b), (39), (41b), (43) agus (70) dá réir sin.

21. A mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar ghnóthais airgeadais rialáilte a thiocfadh faoi raon feidhme na Treorach atá beartaithe, fágann an téacs comhréitigh raon feidhme na dtáirgí airgeadais ar lár (i.e. cistí infheistíochta malartacha agus gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS)). Tugadh rogha do na Ballstáit gan an Treoir atá beartaithe a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí pinsin a mheastar a bheith ina scéimeanna slándála sóisialta faoi dhlí an Aontais is infheidhme.

22. Leasaíodh an sainmhíniú ar shlabhra gníomhaíochtaí i ndáil le gnóthais airgeadais rialáilte chun soiléireacht a áirithiú maidir le soláthar na seirbhísí airgeadais ba cheart a chumhdach, má chinneann an Ballstát an Treoir a chur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí airgeadais den sórt sin, agus, ag an am céanna, gníomhaíochtaí infheistíochta a fhágáil ar lár mar gheall ar a gcuid sonraíochtaí. Má chinneann an Ballstát gan an Treoir a chur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí airgeadais á dhéanamh ag gnóthais airgeadais rialáilte (chun an chuid iartheachtach den slabhra gníomhaíochtaí a chumhdach), ba cheart gurb ionann an slabhra gníomhaíochtaí do ghnóthais airgeadais rialáilte agus an slabhra gníomhaíochtaí don chuid eile de na cuideachtaí ó earnálacha eacnamaíocha éagsúla.
23. Má chinneann an Ballstát an Treoir a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí airgeadais a bheith á soláthar ag gnóthais airgeadais rialáilte, níor cheart a cheangal ar na gnóthais airgeadais rialáilte na drochthionchair ar oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó a shainaitheint ach amháin sula soláthraíonn siad an tseirbhís airgeadais (Airteagal 6(3)). Tugadh isteach díolúine iarmhartach maidir leis an oibleagáid i ndáil le faireachán a dhéanamh ar na drochthionchair in Airteagal 10(2) ionas go gceanglófar orthu, i dtaca le hoibríochtaí comhpháirtithe gnó cuideachtaí dá soláthraíonn siad seirbhísí airgeadais, faireachán a dhéanamh ar na drochthionchair sin amháin a sainaithníodh sular soláthraíodh an tseirbhís airgeadais.
24. Tugadh isteach an tsraith dheireanach athruithe ar an tsaincheist sin chun aghaidh a thabhairt ar an oibleagáid atá ar ghnóthas airgeadais rialáilte caidreamh gnó a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh go sealadach (Airteagal 7(6) agus Airteagal 8(7)), i gcás nár éirigh le haon cheann de na bearta iomchuí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar an drochthionchar. De mhaolú ar an oibleagáid ghinearálta sin, ní cheanglófar ar ghnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach ná a fhoirceannadh. I gcás den sórt sin, áfach, déanfaidh an gnóthas faireachán ar an drochthionchar agus iarrachtaí á ndéanamh aige aghaidh a thabhairt ar an drochthionchar.

D. An t-athrú aeráide a chomhrac (Airteagal 15)

25. Mar a d'iarr go leor Ballstát, rinneadh téacs na forála maidir leis an athrú aeráide a chomhrac a ailíniú a mhéid is féidir leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach atá le glacadh go luath, lena n-áirítear tagairt shonrach don Treoir sin, chun fadhbanna lena léirmhíniú dlíthiúil a sheachaint, agus leathnú oibleagáidí cuideachtaí faoin Airteagal seo á seachaint ag an am céanna.
26. Mar gheall ar an imní mhór a chuir na Ballstáit in iúl maidir leis an bhforáil a bhí beartaithe ag an gCoimisiún, foráil a nasc luach saothair inathraithe stiúrthóirí lena rannchuidiú le straitéis ghnó na cuideachta agus le leas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na cuideachta, scriosadh an fhoráil seo (Airteagal 15(3)). Is ábhair iad foirm agus struchtúr luach saothair na stiúrthóirí a thagann go príomha faoi inniúlacht na cuideachta agus a comhlachtaí nó a scairshealbhóirí ábhartha. D'iarr na toscaireachtaí nach gcuirfí isteach ar chórais éagsúla rialachais chorparáidigh laistigh den Aontas, rud a léiríonn tuairimí éagsúla na mBallstát faoi róil na gcuideachtaí agus a gcomhlachtaí maidir le luach saothair stiúrthóirí a chinneadh.

E. Dliteanas sibhialta (Airteagal 22)

27. Rinneadh Airteagal 22 a leasú go suntasach chun soiléireacht dhlíthiúil agus deimhneacht a bhaint amach do chuideachtaí agus chun cur isteach míréasúnta ar chórais dlí torta na mBallstát a sheachaint. Soiléiríodh sa téacs na ceithre choinníoll nach mór a chomhlíonadh chun cuideachta a chur faoi dhliteanas – damáiste a dhéantar do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, sárú ar an dualgas, an nasc cúisíoch idir an damáiste agus an sárú ar an dualgas agus faillí (d'aon ghnó nó go faillíoch) – agus cuireadh gné na faillí san áireamh.
28. Ina theannta sin, foráladh go sainráite sa téacs comhréitigh don cheart atá ag íospartaigh drochthionchar ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol cúiteamh iomlán a fháil. Ar an taobh eile, níor cheart róchúiteamh a bheith mar thoradh ar an gceart chun cúiteamh iomlán a fháil, mar shampla, trí dhamáistí pionósacha.

29. Ina theannta sin, rinneadh soiléiriú ar dhliteanas comhpháirteach agus leithleach cuideachta agus fochuideachta nó comhpháirtí gnó agus ar chur i bhfeidhm éigeantach sáraitheach na rialacha maidir le dliteanas sibhialta. Leis na soiléirithe agus na beachtais sin go léir, bhíothas in ann an choimirce a bhí ann do chuideachtaí a raibh dearbhuithe conarthacha óna gcomhpháirtithe gnó indéirí á lorg acu a scriosadh tar éis cáineadh láidir a bheith déanta ar an bhforáil sin toisc go raibh sí ag brath go mór ar dhearbhuithé conarthacha.

F. Dualgas stiúrthóirí (Airteagal 25 agus 26)

30. Sa togra ón gCoimisiún, rinneadh rialáil ar dhualgas cúraim na stiúrthóirí (Airteagal 25) agus leagadh síos an dualgas atá ar stiúrthóirí chuideachtaí an Aontais na gníomhaíochtaí díchill chuí a chur ar bun agus maoirseacht a dhéanamh orthu agus an straitéis chorpáraideach a oiriúnú chun na drochthionchair a sainaithníodh agus na bearta díchill chuí a glacadh (Airteagal 26) a chur san áireamh.
31. Mar gheall ar an imní mhór a chuir na Ballstáit in iúl maidir le Airteagal 25 a bheith ina chur isteach míchuí ar fhorálacha náisiúnta i ndáil le dualgas cúraim stiúrthóirí, agus go bhféadfadh sé an bonn a bhaint de dhualgas stiúrthóirí gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta, scriosadh na forálacha ón téacs.
32. Ós rud é go raibh dlúthbhaint ag ábhar Airteagal 26 leis an bpróiseas díchill chuí, scriosadh an tAirteagal agus aistríodh a phríomhghnéithe chuig an bhforáil maidir le dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais agus i gcórais bainistíochta riosca na cuideachta (Airteagal 5(3)), agus éagsúlacht na gcóras rialachais chorpáraidigh agus saoirse na gcuideachtaí a gcúrsaí inmheánacha féin a rialáil á gcur san áireamh.

G. Iarscríbhinn I agus sainmhínithe ar dhrochthionchair (Airteagal 3, pointí (b) agus (c))

33. Rinneadh athruithe suntasacha ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir atá beartaithe agus é mar phríomhchuspóir acu na hoibleagáidí a dhéanamh chomh soiléir agus chomh sothuigte agus is féidir do chuideachtaí, agus bonn atá fóna ó thaobh an dlí de á áirithiú ag an am céanna. Is é loighic Iarscríbhinn I cearta agus toirmisc shonracha a liostú, arb ionann a mí-úsáid nó a sárú agus drochthionchar ar chearta an duine (Airteagal 3, pointe (c)) nó drochthionchair ar an gcomhshaol (Airteagal 3, pointe (b)). Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar cheart na cearta agus na toirmisc sin a léirmhíniú, tá tagairtí in Iarscríbhinn I d'ionstraimí idirnáisiúnta a fheidhmíonn mar phointí tagartha.

34. Chun dlisteanacht a áirithiú maidir le tagairt a dhéanamh d'ionstraimí idirnáisiúnta nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí ach ar na Stáit sin amháin, agus de réir loighic fhoriomlán Iarscríbhinn I, ní chumhdaítear le hIarscríbhinn I ach na hionstraimí idirnáisiúnta sin a dhaingnigh na Ballstáit uile. Ar an iomlán, ní dhéantar tagairt in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an téacs comhréitigh ach do na hoibleagáidí agus na toirmisc sin is féidir le cuideachtaí a chomhlíonadh agus ní le Stáit amháin.
35. Maidir leis an gcuid sin d'Iarscríbhinn I a bhaineann le cearta an duine, ní chumhdaítear léi ach ionstraimí idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus a aithnítear mar liosta fósta d'ionstraimí sa chreat idirnáisiúnta. Maidir leis an gcuid sin d'Iarscríbhinn I a bhaineann leis an gcomhshaol, cuireadh isteach líon teoranta oibleagáidí agus toirmisc shonracha bhreise faoi ionstraimí idirnáisiúnta comhshaoil, a mbíonn drochthionchar ar an gcomhshaol mar thoradh ar a sárú.
36. Thairis sin, soiléiríodh na sainmhínithe ar dhrochthionchair ar an gcomhshaol agus ar chearta an duine. Ina theannta sin, coinníodh an 'clásal uileghabhálach', mar a ghairtear de, atá sa togra ón gCoimisiún chun dodhealaitheacht chearta an duine a chosaint, ach soiléiríodh go críochnúil é chun an intuarthacht is mó is féidir a áirithiú do chuideachtaí.

IV. CONCLÚID

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, measann an Uachtaránacht gur cothrom an comhréiteach é an téacs idir na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta ar bhonn an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn ag cruinniú na Comhairle (Iomaíochas) an 1 Nollaig 2022, agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear
Treoir (AE) 2019/1937**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(1) agus (2), pointe (g) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú.

⁴ IO C , , lch. .

- (2) Ar thosaíochtaí an Aontais tá ardleibhéal cosanta agus feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil agus bunluachanna na hEorpa a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Glas don Eoraip⁵. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá ní hamháin le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí ach le rannpháirtíocht gníomhaithe príobháideacha freisin, go háirithe cuideachtaí.
- (3) Ina Theachtairacht maidir le hEoraip Láidir Shóisialta don Aistriú Cóir⁶, gheall an Coimisiún gilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a uasghrádú chun aistriú cóir i dtreo na hinbhuanaitheachta a bhaint amach. Rannchuideoidh an Treoir seo freisin le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena gcuirtear chun cinn cearta lena n-áirithítear dálaí oibre cothroma. Is cuid í de bheartais agus de straitéisí an Aontais a bhaineann le hobair chuibhiúil a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear i slabhraí luacha domhanda, dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain⁷.
- (4) Tá iompraíocht chuideachtaí i ngach earnáil den gilleagar rithabhachtach chun go n-éireofar cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach toisc go mbraitheann cuideachtaí de chuid an Aontais, go háirithe cuideachtaí móra, ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine agus an comhshaol a chosaint, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar inní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin ar leibhéal an Aontais⁸ agus ar an leibhéal náisiúnta⁹, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach.

⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: ‘*The European Green Deal*’ [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM/2019/640 final).

⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *A Strong Social Europe for Just Transitions* [Eoraip Láidir Shóisialta d’Aistrithe Córa] (COM/2020/14 final).

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le *Decent work worldwide for a global just transition and a sustainable recovery* [Obair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe], COM(2022) 66 final.

⁸ ‘*Enterprise Models and the EU agenda*’ [Fiontraíocht agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ Eanáir 2021.

⁹ e.g. <https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

- (5) Sonraítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le hiompar freagrach gnó gur cheart do chuideachtaí cearta an duine a chosaint agus leagtar amach iontu an chaoi ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chosaint an chomhshaoil ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí luacha. Aithnítear le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine¹⁰ freagracht cuideachtaí dícheall cuí a fheidhmiú maidir le cearta an duine trí dhrochthionchair a n-oibríochtaí ar chearta an duine a shainaithint, a chosc agus a mhaolú agus tríd an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar na tionchair sin a chur san áireamh. Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart do ghnólaigh gan cearta an duine a shárú agus gur cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar chearta an duine arbh iadsan ba chúis leo, ar chuir siad leo nó a bhfuil baint acu leo trína gcuid oibríochtaí féin, trína bhfochuideachtaí agus trína gcaidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha.
- (6) Rinneadh coincheap an díchill chuí maidir le cearta an duine a shonrú agus a fhorbairt tuilleadh sna Treoirínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta¹¹ lenar leathnaíodh cur i bhfeidhm an díchill chuí chun ábhair chomhshaoil agus rialachais a chumhdach. Is creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta iad Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir earnála¹², creataí ina leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le dícheall cuí chun cuidiú le cuideachtaí tionchair iarbhir agus fhéideartha ina n-oibríochtaí, ina slabhraí soláthair agus ina gcaidrimh ghnó eile a shainaithint, a chosc agus a mhaolú agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu a chur san áireamh. Tá coincheap an díchill chuí leabaithe freisin i moltaí Dhearbhu Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta.¹³

¹⁰ 'Guiding Principles on Business and Human Rights: Implementing the United Nations "Protect, Respect and Remedy" Framework', [Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat 'Cosaint, Meas agus Leigheas' na Náisiún Aontaithe á Chur Chun Feidhme], na Náisiún Aontaithe, 2011, ar fáil ag https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr_en.pdf.

¹¹ Treoirínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta, eagrán nuashonraithe 2011, ar fáil ag <http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/>.

¹² Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, 2018, agus treoir earnáil-shonrach, atá ar fáil ag <https://www.oecd.org/investment/due-diligence-guidance-for-responsible-business-conduct.htm>.

¹³ Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an Cúigiú hEagrán, 2017, atá ar fáil ag: https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS_094386/lang--en/index.htm.

- (7) Áirítear ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe¹⁴, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, na cuspóirí go gcuirfí chun cinn fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Tá an cuspóir leagtha amach ag an Aontas dó féin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Rannchuidíonn an earnáil phríobháideach leis na haidhmeanna sin.
- (8) Sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe iontu, amhail Comhaontú Pháras faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a glacadh an 12 Nollaig 2015 ('Comhaontú Pháras')¹⁵ agus an Comhaontú Glaschú maidir leis an Aeráid¹⁶ a comhaontaíodh le déanaí, leagtar amach bealaí beachta chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus an téamh domhanda a choinneáil laistigh de 1.5 °C. Chomh maith le gníomhaíochtaí sonracha a bhfuiltear ag súil leo ó na Páirtithe sínitheacha go léir, meastar go bhfuil ról lárnach ag an earnáil phríobháideach, go háirithe a straitéisí infheistíochta, chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

¹⁴ https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E.

¹⁵ IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.
https://unfccc.int/files/essential_background/convention/application/pdf/english_paris_agreement.pdf

¹⁶ Comhaontú Glaschú maidir leis an Aeráid, arna ghlacadh an 13 Samhain 2021 ag COP26 i nGlaschú,
https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_L16_adv.pdf.
https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_L16_adv.pdf.

- (9) I Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷, thug an tAontas gealltanas dlíthiúil freisin go mbeadh sé aeráidneodrach faoi 2050 agus go laghdódh sé astaíochtaí 55 % ar a laghad faoi 2030. Chun an dá ghealltanas sin a chomhlíonadh, beidh gá an chaoi a dtáirgeann agus a sholáthraíonn cuideachtaí a athrú. I bPlean um Sprioc Aeráide 2030 an Choimisiúin¹⁸, leagtar amach céimeanna éagsúla laghduithe ar astaíochtaí a éilítear ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla, cé go gcaithfear laghduithe suntasacha a dhéanamh i ngach earnáil i ngach cás chun go bhféadfadh an tAontas a chuspóirí aeráide a bhaint amach. Cuirtear i dtábhacht sa Phlean freisin ‘[go m]beidh ar úinéirí agus bainisteoirí cuideachtaí tosaíocht a thabhairt do chuspóirí inbhuanaitheachta ina ngníomhaíochtaí agus ina straitéisí, de thoradh athruithe ar rialacha agus cleachtais rialachais, lena n-áirítear maidir le maoiniú inbhuanaithe.’ I dTeachtaireacht 2019 ar an gComhaontú Glas don Eoraip¹⁹, leagtar amach gur ceart gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais a bheith ar aon dul le chéile chun cuidiú leis an Aontas aistriú rathúil cóir chuig todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach. Leagtar amach ann freisin gur cheart an inbhuanaitheacht a neadú tuilleadh sa chreat rialachais chorpáidigh.
- (10) De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le hEoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú²⁰, teachtaireacht ina gcuirtear i láthair Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú don athrú aeráide, ba cheart infheistíocht nua agus cinntí beartais an aeráid a chur san áireamh agus a bheith slán i bhfad na haimsire, lena n-áirítear le haghaidh gnólachtaí móra a bhainistíonn slabhraí luacha. Ba cheart an Treoir seo a bheith comhsheasmhach leis an Straitéis sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart comhsheasmhacht a bheith ann leis an Treoir ón gCoimisiún [...] lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí maoirseachta, smachtbhannaí, brainsí tríú tír, agus priacail comhshaoil, shóisialta, agus rialachais (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil)²¹, lena leagtar amach ceanglais shoiléire maidir le rialacha rialachais na mbanc lena n-áirítear eolas faoi phriacail comhshaoil, shóisialta, agus rialachais ar leibhéal an bhoird stiúrthóirí.

¹⁷ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

¹⁸ SWD/2020/176 final.

¹⁹ COM/2019/640 final.

²⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] (COM/2021/82 final), atá ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2021:82:FIN>.

²¹ IO C [...], [...], lch. [...].

- (11) Sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Ciorclach²², sa Straitéis Bhithéagsúlachta²³, sa Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc²⁴ agus sa Straitéis Ceimiceán²⁵ agus in *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery*²⁶ [Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], in *Industry 5.0*²⁷ [Earnáil na Tionsclaíochta 5.0] agus i bPlean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta²⁸ agus in Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála 2021²⁹, liostaítear tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe i measc a ngnéithe.
- (12) Tá an Treoir seo comhleanúnach le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024³⁰. Sainmhínítear sa Phlean Gníomhaíochta sin gur tosaíocht é rannpháirtíocht an Aontais a neartú chun cur chun feidhme domhanda Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus treoirilnte idirnáisiúnta ábhartha eile amhail Treoirilnte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chaighdeán ábhartha an díchill chuí a chur chun cinn.

²² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le '*A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe*' [Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM/2020/98 final).

²³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le *EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], (COM/2020/380 final).

²⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhióbhálach don chomhshaoil] (COM/2020/381 final).

²⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] (COM/2020/667 final).

²⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal [*Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery*](#) [Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] (COM/2021/350 final).

²⁷ *Industry 5.0* [Earnáil na Tionsclaíochta 5.0]; https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50_en

²⁸ <https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/>

²⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – *An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy* [Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] (COM/2021/66/final).

³⁰ Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an *EU Action Plan on Human Rights and Democracy 2020-2024* [Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024] (JOIN/2020/5 final).

- (13) Sa rún uaithi an 10 Márta 2021, iarrann Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún rialacha an Aontais a mholadh le haghaidh oibleagáid chuimsitheach maidir le dícheall cuí corparáideach³¹. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, conclúidí a eisíodh an 1 Nollaig 2020³², iarradh ar an gCoimisiún togra a chur síos le haghaidh creat dlíthiúil de chuid an Aontais maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena n-áirítear oibleagáidí trasearnálacha maidir le dícheall cuí corparáideach feadh na slabhraí soláthair domhanda. Ina tuarascáil féintionscnaimh a glacadh an 2 Nollaig 2020 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, iarrann Parlaimint na hEorpa freisin go ndéanfaí dualgais stiúthóirí a shoiléiriú. Sa Dearbhú Comhpháirteach uathu maidir le Tosaíochtaí Reachtach an Aontais do 2022³³, tá gealltanais tugtha ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún geilleagar a fhóireann do dhaoine a bhaint amach, agus an creat rialála maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a fheabhsú.
- (14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó iarbhir ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú, ar drochthionchair iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a gcomhpháirtithe gnó i slabhraí gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin. Tá an Treoir seo gan dochar don fhreagracht atá ar na Ballstáit cearta an duine agus an comhshaol a urramú agus a chosaint faoin dlí idirnáisiúnta.

³¹ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2021 lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le *Corporate due diligence and corporate accountability* [Dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach] (2020/2129(INL)), P9_TA(2021)0073, atá ar fáil ag [https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2020/2129\(INL\)](https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2020/2129(INL)).

³² Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, 1 Nollaig 2020 (13512/20).

³³ Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le Tosaíochtaí Reachtach an Aontais do 2022, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/joint_declaration_2022.pdf.

- (14a) Tá an Treoir seo gan dochar d'oibleagáidí i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghníomh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin. Áirítear ar shamplaí de na hoibleagáidí sin i ngníomhartha reachtacha an Aontais oibleagáidí i Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta)³⁴, [an togra le haghaidh Rialachán maidir le Ceallraí³⁵] nó [an togra le haghaidh Rialachán maidir le slabhraí soláthair gan dífhoraioisiú³⁶].
- (14b) Chun freastal ar shainiúlachtaí scéimeanna pinsean agus slándála sóisialta i mBallstáit éagsúla, ba cheart do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh cé acu a chuirfidh siad nó nach gcuirfidh siad an Treoir seo i bhfeidhm maidir lena n-institiúidí pinsin a oibríonn córais slándála sóisialta faoi dhlí an Aontais is infheidhme.

³⁴ Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca (IO L 130, 19.5.2017, lch. 1).

³⁵ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 COM (2020) 798 final.

³⁶ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (COM(2021) 706 final).

- (15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcomhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha ar fud a slabhraí gníomhaíochtaí i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlóidh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le comhpháirtithe gnó i gcás ina n-eascraíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí ghníomhaíochtaí gnó na cuideachta agus a slabhra luacha, ar an earnáil nó ar an limistéar geografach ina n-oibríonn a comhpháirtithe gnó, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ar a comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha, agus ar an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.
- (16) Ba cheart a chumhdach leis an bpróiseas díchill chuí a leagtar amach sa treoir sin na sé chéim arna sainiú ag Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, lena n-áirítear bearta díchill chuí le haghaidh cuideachtaí chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Cumhdaítear leis sin na céimeanna seo a leanas: (1) dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais agus i gcórais bhainistíochta, (2) drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus a mheasúnú, (3) drochthionchair iarbhrí agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú, (4) éifeachtacht na mbeart a mheasúnú, (5) cumarsáid a dhéanamh, (6) agus feabhsúchán a sholáthar.

(16a) Chun dícheall cuí a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun an t-ualach ar chuideachtaí a laghdú, ba cheart dóibh a bheith i dteideal acmhainní agus faisnéis a chomhroinnt laistigh dá ngrúpaí cuideachtaí faoi seach agus le heintitis dhlíthiúla eile, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais atá ann cheana. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag an máthairchuideachta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo roinnt de na hoibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh freisin thar ceann na bhfochuideachtaí dá cuid a thagann faoi raon feidhme na treorach seo. Ós rud é go mbeadh na hoibleagáidí díchill chuí sin á gcomhlíonadh ag an máthairchuideachta thar ceann fochuideachtaí, níor cheart ceangal a chur ar na fochuideachtaí ach na hoibleagáidí is gá a chomhlíonadh ar leibhéal fochuideachta i ngeall ar a gcineál. Ba cheart an fhéidearthacht na hoibleagáidí a chomhlíonadh ar leibhéal an ghrúpa a theorannú do mháthairchuideachtaí agus fochuideachtaí a dtagann an dá cheann acu sin faoi raon feidhme na Treorach seo. Tá gá leis an teorannú sin chun críocha an fhorfheidhmithe riaracháin i gcás inar cheart don mháthairchuideachta a bheith freagrach, cé is moite de na hoibleagáidí a fhanann ar na fochuideachtaí, as na hoibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh. Ba cheart d'údarás maoirseachta na máthairchuideachta a bheith inniúil chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí díchill chuí an ghrúpa ina iomláine, cé is moite de na hoibleagáidí a fhanann ar na fochuideachtaí i gcás inar cheart an t-údarás inniúil maoirseachta a bheith ar cheann de na fochuideachtaí ábhartha. Mura dtagann an fochuideachta faoi raon feidhme na Treorach seo, ní féidir leis an máthairchuideachta dícheall cuí a chomhlíonadh thar ceann na fochuideachta ós rud é nach bhfuil oibleagáid ar an bhfochuideachta dícheall cuí a dhéanamh. Sa chás sin, ba cheart don mháthairchuideachta oibríochtaí na fochuideachta a chumhdach mar chuid dá hoibleagáidí díchill chuí féin. I gcás ina dtagann na fochuideachtaí faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann an mháthairchuideachta faoi, ba cheart cead a bheith acu fós acmhainní agus faisnéis a roinnt laistigh den ghrúpa cuideachtaí. Mar sin féin, bheadh na fochuideachtaí freagrach as oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh faoin Treoir seo.

- (16b) Ba cheart comhlíonadh oibleagáidí díchill chuí ar leibhéal an ghrúpa a bheith gan dochar do dhliteanas sibhialta fochuideachtaí i ndáil le híospartaigh a ndéantar an damáiste dóibh. Má chomhlíontar na coinníollacha maidir le dliteanas sibhialta, d'fhéadfaí an fhochuideachta a chur faoi dhliteanas i leith damáiste, is cuma cé acu a rinne nó nach ndearna an fhochuideachta nó an mháthairchuideachta na hoibleagáidí díchill chuí a chur i gcrích thar ceann na fochuideachta.
- (16c) I gcomhréir le dlí an Aontais atá ann cheana, agus faisnéis á comhroinnt acu chun na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, níor cheart a cheangal ar chuideachtaí ná ar eintitis dhlíthiúla faisnéis a nochtadh dá chomhpháirtí gnó a mheastar a bheith ina rún trádála mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷.
- (17) Is féidir go n-imreofaí drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, in oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus i slabhraí gníomhaíochtaí a bpáirtithe gnó, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhbar, na monaraíochta, nó ar leibhéal diúscartha na dtáirgí nó na dramhaíola. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chumhdach leis arna nginiúint le linn fhormhór shaolré tháirgeadh, úsáid agus diúscairt an táirge nó soláthair seirbhísí, ar leibhéal oibríochtaí féin na gcuideachtaí, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus oibríochtaí a bpáirtithe gnó ina gcuid slabhraí gníomhaíochtaí.

³⁷ Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise neamhnócha agus faisnéis ghnó (rún trádála) i gcoinne a n-éadála, úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

(18) Ba cheart a chumhdach leis an slabhra gníomhaíochtaí na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le táirgeadh agus soláthar earraí nó soláthar seirbhísí arna dhéanamh ag cuideachta, agus gníomhaíochtaí comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha a dhearann, a eastóscann, a mhonaraíonn, a iompraíonn, a stóráilann agus a sholáthraíonn amhábhhar, táirgí, codanna de tháirgí, nó a sholáthraíonn seirbhísí don chuideachta atá riachtanach chun gníomhaíochtaí na cuideachta a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart don slabhra gníomhaíochtaí na gníomhaíochtaí a dhéanann comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha a chumhdach más iad a dháileann, a iompraíonn, a stóráilann agus a dhiúscaíonn an táirge, lena n-áirítear *inter alia* an táirge a dhíchóimeáil, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a chur i líonadh talún, i gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí sin don chuideachta nó thar ceann na cuideachta. Ba cheart diúscairt an táirge arna déanamh ag tomhaltóirí a eisiamh chun indéantacht oibleagáidí díchill chuí a áirithiú. Chomh maith leis sin, níor cheart don slabhra gníomhaíochtaí dáileadh, iompar, stóráil agus diúscairt táirge a chuimsiú más táirge é atá faoi réir rialú onnmhairiúcháin Ballstáit, rud a chiallaíonn an rialú onnmhairiúcháin faoi Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁸ nó rialú onnmhairithe arm, muinisin nó ábhair chogaidh faoi rialuithe náisiúnta onnmhairiúcháin, tar éis onnmhairiú an táirge a údarú.

³⁸ Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

(19) I gcás gnóthais airgeadais rialáilte, **ba cheart soláthar** seirbhísí airgeadais [...] **de réir bhrí na Treorach sin a áireamh sa** sainmhíniú ar an téarma ‘slabhra gníomhaíochtaí’ [...] **má chinneann an Ballstát an Treoir sin a chur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin freisin. I gcás mar sin, ba cheart an sainmhíniú ar ‘slabhra gníomhaíochtaí’** a oiriúnú chun freastal ar a sonraíochtaí d’fhonn gníomhaíochtaí a chuimsiú lena leithdháiltear caipiteal agus lena soláthraítear cumhdach árachais don fhíorgheilleagar. Dá bhrí sin, is iomchuí gan seirbhísí airgeadais ‘slabhra gníomhaíochtaí’ a áireamh sa sainmhíniú ar sheirbhísí airgeadais cé is moite de na seirbhísí sin a mbíonn leithdháileadh caipitil nó cumhdach riosca trí árachas nó athárachas mar thoradh orthu go díreach. A mhéid a bhaineann le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais, ba cheart ‘slabhra gníomhaíochtaí’ maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin a bheith teoranta do na contrapháirtithe a fhaigheann na seirbhísí sin, agus dá bhfochuideachtaí a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an tseirbhís atá i gceist. Níor cheart gníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe gnó i slabhraí gníomhaíochtaí na gcontrapháirtithe sin a chumhdach. Contrapháirtithe ar teaghlaigh nó ar daoine nádúrtha iad nach bhfuil ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil gnó, mar aon le fiontair bheaga agus mheánmhéide, níor cheart iad a mheas mar chuid de shlabhra gníomhaíochtaí an ghnóthais airgeadais.

(20) [...]

(21) Faoi Treoir seo, maidir le cuideachtaí atá bunaithe san Aontas ag a bhfuil níos mó ná 500 fostaí ar an meán agus glanláimhdeachas domhanda os cionn EUR 150 milliún sa bhliain airgeadais dheireanach ar glacadh ráitis airgeadais nó ar cheart ráitis airgeadais a bheith glactha ina leith, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir sin dhá bhliain airgeadais as a chéile. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh níos mó ná 250 fostaí acu ar an meán agus níos mó ná EUR 40 milliún acu i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir sin dhá bhliain airgeadais as a chéile, nó atá liostaithe go poiblí ar an stocmhalartán, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 3 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasú na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhíritha a chomhlíonadh. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁹, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁰, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta. Ba cheart oibrithe séasúracha a áireamh agus líon na bhfostaithe á ríomh i gcomhréir le líon na míonna dá bhfostaítear iad.

³⁹ Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

⁴⁰ Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

(22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí. Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia agus deochanna, agus trádáil mhórdhíola amháibhar talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile). Ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear leis na hearnálacha sin earnálacha gaolmhara na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha is infheidhme arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴¹. Maidir leis an earnáil airgeadais, mar gheall ar na sainiúlachtaí a bhaineann léi, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an slabhra gníomhaíochtaí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, fiú má chumhdaítear le treoir earnáil-shonrach ó ECFE í, níor cheart í a bheith mar chuid de na hearnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo. An tráth céanna, san earnáil seo, ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhir agus féideartha a áirithiú trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dliteanas teoranta.

⁴¹ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbheithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

- (23) Chun cuspoirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspoirí iad lena dtugtar aghaidh ar dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaoil i ndáil le hoibríochtaí cuideachtaí, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus gcomhpháirtithe gnó i slabhraí oibríochtaí cuideachtaí, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin glanláimhdeachas EUR 150 milliún ar a laghad san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, nó glanláimhdeachas is mó ná EUR 40 milliún ach is lú ná EUR 150 milliún arna ghiniúint san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh EUR 20 milliún ar a laghad i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha ardtionchair. Ní mór do na cuideachtaí na critéir sin a chomhlíonadh ar feadh dhá bhliain airgeadais as a chéile.
- (24) Chun raon feidhme an chur i bhfeidhm a shainiú i ndáil le cuideachtaí tríú tíortha, ba cheart an critéar láimhdeachais a bhfuil tuairisc air a roghnú toisc go gcruthaíonn sé nasc críochach idir na cuideachtaí tríú tír agus críoch an Aontais. Is athróg ionadach é an láimhdeachas le haghaidh na n-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin ar an margadh inmheánach. I gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, tugann na héifeachtaí sin bonn cirt le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le cuideachtaí tríú tír. Chun a áirithiú go sainaithneofaí láimhdeachas ábhartha na gcuideachtaí lena mbaineann, ba cheart úsáid a bhaint as na modhanna a leagtar síos i dTreoir (AE) 2013/34 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴², modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh le haghaidh cuideachtaí tríú tír. Chun forfheidhmiú éifeachtach na Treorach seo a áirithiú, níor cheart tairseach fostaithe a chur i bhfeidhm chun a chinneadh cé na cuideachtaí tríú tír a thagann faoin Treoir seo, ós rud é go bhfuil an coincheap a bhaineann le 'fostaithe' a choinnítear chun críocha na Treorach seo bunaithe ar dhlí an Aontais agus nach bhféadfaí é a thrasú go héasca lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, in éagmais modheolaíocht shoiléir agus chomhsheasmhach, lena n-áirítear i gcreataí cuntasáíochta, chun fostaithe cuideachtaí tríú tír a chinneadh, chruthódh an tairseach fostaithe sin éiginnteacht dhlíthiúil agus bheadh sé deacair í a chur i bhfeidhm le haghaidh údaráis mhaoirseachta.

⁴² Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

Ba cheart an sainmhíniú ar láimhdeachas a bheith bunaithe ar Threoir 2013/34/AE lenar bunaíodh cheana na modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh le haghaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, toisc go bhfuil na sainmhínithe ar láimhdeachas agus ar ioncam cosúil le chéile i gcreataí idirnáisiúnta cuntasáíochta freisin. D’fhonn a áirithiú go mbeidh a fhios ag an údarás maoirseachta cé na cuideachtaí tríú tír a ghineann an láimhdeachas is gá san Aontas chun teacht faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart a cheangal leis an Treoir seo go gcuirfeadh ionadaí údaraithe na cuideachta tríú tír nó an chuideachta féin in iúl d’údarás maoirseachta sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar ionadaí údaraithe na cuideachta tríú tír nó ina bhfuil sé bunaithe agus, i gcás nach ionann é, d’údarás maoirseachta an Bhallstát inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach gur cuideachta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo í an chuideachta. Féadfaidh an Ballstát iarraidh ar an gCoimisiún an Ballstát a chur ar an eolas faoi ghlanláimhdeachas na cuideachta tríú tír arna giniúint san Aontas, más gá sin chun a chinneadh cé acu Ballstát ar ghin an chuideachta tríú tír an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas ann. Ba cheart don Choimisiún córas a chur ar bun chun malartú faisnéise den sórt sin a áirithiú.

- (25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine de thoradh mí-úsáid ar cheann de na cearta a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I, Roinn I a ghabhann leis an Treoir seo. Chun cumhdach cuimsitheach chearta an duine a áirithiú, ba cheart mí-úsáid ar cheart an duine nach liostaítear go sonrach in Iarscríbhinn I, Cuid I, Roinn 1 a bhféadfadh cuideachta, a fochuideachta nó a comhpháirtí gnó mí-úsáid a bhaint as agus a dhéanann dochar díreach do leas dlíthiúil a chosnaítear sna hionstraimí um chearta an duine a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I, Roinn 2, ba cheart an mhí-úsáid sin a bheith mar chuid de na drochthionchair ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann mí-úsáid ar chearta an duine den sórt sin a shainaithint go réasúnta ina hoibríochtaí féin, in oibríochtaí a fochuideachta agus in oibríochtaí a comhpháirtithe gnó, agus imthosca ábhartha uile an cháis shonraigh á gcur san áireamh, amhail cineál agus méid oibríochtaí gnó na cuideachta agus a slabhra gníomhaíochtaí, a hearnáil eacnamaíoch agus a hearnáil ghnó agus a comhthéacs oibríochtúil. Ba cheart go gcuimseofaí le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid II a ghabhann leis an Treoir seo.

- (26) Agus na drochthionchair ar chearta an duine á meas, bíonn treoir ar fáil do chuideachtaí a léiríonn an chaoi a bhféadfadh a gcuid gníomhaíochtaí tionchar a imirt ar chearta an duine agus a léiríonn an iompraíocht chorparáideach a thoirmisctear i gcomhréir le cearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta. Áirítear an treoir sin, mar shampla, i gCreat Tuairiscithe Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe⁴³, i dTreoirleabhar Léirmhínte Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe⁴⁴ nó Human Rights Translated 2.0: Treoir Tagartha Gnó⁴⁵.
- (26a) Chun dícheall cuí fóinteach a dhéanamh maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol, ba cheart do chuideachtaí dul i gcomhairle le geallsealbhóirí le linn an phróisis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí díchill chuí dhéanamh. Ba cheart go gcuimseofaí le geallsealbhóirí na cuideachta fostaithe na cuideachta, fostaithe fhochuideachtaí na cuideachta, ceardchumann agus ionadaithe oibrithe, tomhaltóirí agus daoine aonair eile, grúpaí, pobail nó eintitis a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta, a fochuideachtaí nó a gcomhpháirtithe gnó difear dá gcearta nó dá leasanna nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur cosantóirí chearta an duine agus cosantóirí an chomhshaoil de réir bhrí Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine a bheadh i gceist leis na daoine aonair a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur pobail dhúchasacha mar a chosnaítear iad faoi Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach a bheadh i gceist le grúpaí nó pobail a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gur eagraíochtaí na sochaí sibhialta, institiúidí náisiúnta um chearta an duine nó institiúidí comhshaoil a bheadh i gceist leis na heintitis a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

⁴³ https://www.ungpreporting.org/wp-content/uploads/UNGPREportingFramework_withguidance2017.pdf

⁴⁴ <https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Business/RtRInterpretativeGuide.pdf>

⁴⁵ https://www.ohchr.org/sites/default/files/Documents/Publications/HRT_2_0_EN.pdf

(27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó agus i slabhraí gníomhaíochtaí cuideachtaí, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais agus ina gcórais bainistíochta riosca, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhir nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú, ba cheart iad a idirdhealú go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.

(28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais agus de chórais bainistíochta riosca na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais agus ina gcórais bainistíochta riosca, agus ba cheart beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart tuairisc a bheith sa bheartas díchill chuí ar chur chuige na cuideachta, lena n-áirítear san fhadtárma, maidir le dícheall cuí, cód iompair ina dtugtar tuairisc ar na rialacha agus na prionsabail atá le leanúint ag fostaithe agus fochuideachtaí na cuideachta, agus, i gcás inarb ábhartha, comhpháirtithe gnó díreacha nó indíreacha na cuideachta, agus tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun an dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a rinneadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun a chur i bhfeidhm a leathnú chuig comhpháirtithe gnó. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha uile, lena n-áirítear cinntí soláthair agus cinntí ceannaigh. Ba cheart do na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a nuashonrú gan moill mhíchuí tar éis athrú suntasach a dhéanamh, ach gach 24 mhí ar a laghad. Ba cheart athrú suntasach a thuiscint mar athrú ar *status* oibríochtaí na cuideachta féin, oibríochtaí a fochuideachtaí nó a comhpháirtithe gnó, na timpeallachta dlíthiúla nó an na timpeallachta gnó nó aon athrú suntasach eile ar staid na cuideachta ina mbíonn súil réasúnta ann go dtabharfadh an chuideachta freagra air agus go ndéanfadh sí an beartas a nuashonrú. D'fhéadfadh gur samplaí d'athrú suntasach iad na cásanna ina n-oibríonn an chuideachta in earnáil eacnamaíoch nua nó i limistéar geografach nua, ina dtosaíonn sí ag táirgeadh táirgí nua nó ina n-athraíonn sí an bealach a dtáirgtear na táirgí atá ann cheana agus úsáid á baint as teicneolaíocht a bhféadfadh drochthionchair níos mó a bheith aici, nó ina n-athraíonn sí a struchtúr corparáideach trí athstruchtúrú nó cumaisc nó éadálacha. Dícheall cuí a ionchorprú i gcórais bainistithe riosca, ba cheart é a thuiscint i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha chun a áirithiú go gcuirfear na hoibleagáidí díchill chuí i bhfeidhm agus go ndéanfar maoirseacht orthu. Chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart cead a bheith ag cuideachtaí iad féin a eagrú go himmheánach de réir a riachtanas, mar shampla trí úsáid a bhaint as córais bhainistíochta atá ann cheana, trí chórais bainistíochta riosca don chuideachta a chur ar bun nó trí oifigeach um chearta an duine agus um an gcomhshaol a cheapadh.

- (29) Chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ní mór do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh i leith shainaithint agus chosc na ndrochthionchar agus i leith deireadh a chur leo. Ba cheart go gciallódh ‘beart iomchuí’ beart lenar féidir cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus a bhíonn ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear cineál agus méid oibríochtaí gnó na cuideachta agus saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chomhpháirtí gnó shonraigh. Más rud é nach féidir faisnéis riachtanach a fháil mar gheall ar bhacainní fíorasacha nó dlíthiúla, mar shampla toisc go ndiúltaíonn comhpháirtí gnó faisnéis a chur ar fáil agus nach bhfuil aon fhórais dhlíthiúla ann chun é sin a fhorfheidhmiú, ní féidir imthosca den sórt sin a thógáil ar an gcuideachta.

- (30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaithint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaithint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca ina slabhraí gníomhaíochtaí. Agus drochthionchair á sainaithint aici, ba cheart don chuideachta a bheith in ann mapáil a dhéanamh ar dtús ar gach réimse dá n-oibríochtaí, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina mbaineann siad lena slabhraí gníomhaíochtaí, lena gcomhpháirtithe gnó, agus bunaithe ar na torthaí, measúnú cuimsitheach a dhéanamh ina ndíreofar ar na réimsí inar dóchúla go mbeidh drochthionchair ann nó ina mbeidh na drochthionchair is suntasaí ann. Agus na drochthionchair á sainaithint, ba cheart don chuideachta tosca riosca a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, mar shampla, cé acu atá nó nach bhfuil an fhochuideachta nó an comhpháirtí gnó ina cuideachta a sháraigh na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo. Is féidir leis an gcuideachta an fhaisnéis is gá a fháil ó chinntí na n-údarás maoirseachta ina bhfuil pionóis ar cheart d'údarais mhaoirseachta chomh maith le Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta iad a fhoilsiú ionas go mbeidh aon fhoinse faisnéise amháin ar fáil do chuideachtaí. Ba cheart a chuimsiú le sainaithint na ndrochthionchar measúnú ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: gan moill míchuí tar éis athrú suntasach a dhéanamh, ach gach 24 mhí ar a laghad, i rith saolré ghníomhaíochta nó chaidrimh. Ba cheart athrú suntasach a thuiscint mar athrú ar *status quo* oibríochtaí na cuideachta féin, oibríochtaí a fochuideachtaí nó a comhpháirtithe gnó féin, na timpeallachta dlíthiúla nó na timpeallachta gnó nó aon athrú suntasach eile ar staid na cuideachta, lena n-áirítear foghlaim faoin drochthionchar a bhíonn ag faisnéis atá ar fáil go poiblí nó trí chomhairliúchán leis na geallsealbhóirí agus go bhfuil súil réasúnta ann go dtabharfadh an chuideachta freagra air agus go ndéanfaidh sí na drochthionchair a shainaithint, tosaíocht a thabhairt dóibh agus iad a chosc nó iad a mhaolú nó deireadh a chur leo nó a méid a íoslaghdú. D'fhéadfadh gur samplaí d'athrú suntasach iad na cásanna ina n-oibríonn an chuideachta in earnáil eacnamaíoch nua nó i limistéar geografach nua, ina dtosaíonn sí ag táirgeadh táirgí nua nó ina n-athraíonn sí an bealach a dtáirgtear na táirgí atá ann cheana agus úsáid á baint as teicneolaíocht a bhféadfadh drochthionchar níos mó a bheith aici, nó ina n-athraíonn sí a struchtúr corparáideach trí athstruchtúrú nó cumaisc nó éadálacha. Níor cheart do ghnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais na drochthionchair a shainaithint ach amháin tráth tionscanta na seirbhíse agus níor cheart ceangal a bheith orthu measúnú a dhéanamh ar na drochthionchair ar bhealach dinimiciúil ná go tráthrialta.

Agus drochthionchair á sainaithint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag comhpháirtí gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin.

- (31) Chun ualach míchuí a sheachaint ar na cuideachtaí beaga a fheidhmíonn in earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, níor cheart oibleagáid a bheith ar na cuideachtaí sin ach maidir leis na drochthionchair iarbhir nó fhéideartha is ábhartha don earnáil lena mbaineann a shainaithint.
- (32) I gcás nach féidir leis an gcuideachta na drochthionchair iarbhir agus fhéideartha ar fad arna sainaithint a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú a mhéid is féidir ag an am céanna, ba cheart di tosaíocht a thabhairt dóibh bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht an drochthionchair. I gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart déine an drochthionchair a mheasúnú bunaithe ar a thromchúisí atá sé (scála an drochthionchair), ar líon na ndaoine nó ar mhéid an chomhshaoil a ndearnadh difear dó (scóip an drochthionchair), agus ar a dheacra atá sé an staid a bhí ann roimh an tionchar a athbhunú (cineál doleigheasta an drochthionchair). Ar an taobh eile, ní tosca ábhartha maidir le tosaíocht a thabhairt do dhrochthionchair iad an tionchar iarbhir nó an tionchar féideartha atá ag an gcuideachta ar a comhpháirtithe gnó, leibhéal rannpháirtíochta na cuideachta sa drochthionchar, an ghaireacht don fhochuideachta nó don chomhpháirtí gnó, nó a dliteanas ionchasach. Mar thoradh ar an mbeartú tosaíochta, tar éis aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair is suntasaí in am réasúnach, ba cheart oibleagáid a bheith ar an gcuideachta aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair nach bhfuil chomh suntasach céanna. Agus measúnú á dhéanamh ar am réasúnach, ba cheart aird chuí a thabhairt ar imthosca an cháis shonraigh, lena n-áirítear acmhainní na cuideachta agus an earnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn an cuideachta, ar dhéine an drochthionchair tosaíochta a dtugann an cuideachta aghaidh air laistigh de thréimhse áirithe, agus ar scála an drochthionchair tosaíochta ag pointe ama ar leith.

- (33) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, i gcás ina sainaitníonn cuideachta drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun iad a chosc nó chun iad a mhaolú go leordhóthanach. Chun deimhneacht agus soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart go leagfaí amach sa Treoir seo na gníomhaíochtaí uile ar cheart a bheith ag súil leis go ndéanadh cuideachtaí iad chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú i gcás inarbh ábhartha, ag brath ar na himthosca. Agus measúnú á dhéanamh ar na bearta iomchuí chun na drochthionchair a chosc nó a mhaolú go leordhóthanach, tabharfar aird chuí ar ‘leibhéal rannpháirtíochta na cuideachta i ndrochthionchar’, mar a thugtar air, i gcomhréir leis na creataí idirnáisiúnta agus le cumas na cuideachta tionchar a imirt ar an gcomhpháirtí gnó is cúis leis an drochthionchar. Ba cheart é a bheith d’oibleagáid ar chuideachtaí na drochthionchair arb iad féin is cúis leo (‘a bheith ina chúis’, mar dhea, leis an drochthionchar dá tagraítear sa chreat idirnáisiúnta) a chosc nó mhaolú nó i gcomhpháirt lena bhfochuideachtaí nó lena gcomhpháirtithe gnó (‘a rannchuidíonn’, mar dhea, leis an drochthionchar dá tagraítear sa chreat idirnáisiúnta). Maidir leis an drochthionchar a chruthú go comhpháirteach, ní chiallaíonn sé go bhfuil baint chomhionann ag an gcuideachta agus a fochuideachta nó a comhpháirtí gnó leis an drochthionchar, ach ba cheart go gcumhdófaí leis gach cás de ghníomhartha nó neamhghníomhartha na cuideachta is cúis leis an drochthionchar in éineacht le gníomhartha nó neamhghníomhartha fochuideachtaí nó comhpháirtithe gnó. I gcás nach bhfuil cuideachtaí ina gcúis leis na drochthionchair a tharlaíonn ina slabhraí gníomhaíochtaí iad féin nó i gcomhpháirt le heintitis dhlíthiúla eile, ach gurb é a gcomhpháirtí gnó i slabhraí gníomhaíochtaí is cúis leis an drochthionchar (‘a bheith nasctha go díreach’ leis an drochthionchar dá dtagraítear sa chreat idirnáisiúnta mar a deirtear), ba cheart oibleagáid a bheith orthu a dtionchar a úsáid chun an drochthionchar arb iad a gcomhpháirtithe gnó is cúis leis a chosc nó a mhaolú nó chun a dtionchar a mhéadú chun é sin a dhéanamh. Trí úsáid a bhaint as an gcoincheap ‘na cúiseanna leis an drochthionchar’ in ionad na dtéarmaí thuasluaite a úsáidtear sna creataí idirnáisiúnta, seachnaítear mearbhall maidir le téarmaí dlíthiúla atá ann cheana i gcórais dlí náisiúnta agus, ag an am céanna, cumhdaítear an caidreamh cúisíoch céanna mar a thuairiscítear sna creataí sin. Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir leis na creataí idirnáisiúnta, ba cheart go n-áireofaí le tionchar na cuideachta ar chomhpháirtí gnó, ar thaobh amháin, a cumas a chur ina luí ar an gcomhpháirtí gnó drochthionchair a chosc (mar shampla trí chumhacht mhargaidh, ceanglais réamhcháiliúcháin, dreasachtaí gnó a nascadh leis an bhfeidhmíocht i ndáil le cearta an duine agus leis an gcomhshaol) agus, ar an taobh eile, an méid tionchair nó gearála a d’fhéadfadh an chuideachta a fheidhmiú go réasúnta, mar shampla trí chomhar leis an gcomhpháirtí gnó ábhartha nó trí idirghabháil le cuideachta eile is comhpháirtí gnó díreach an chomhpháirtí gnó a bhfuil baint aige leis an drochthionchar.

- (34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha de réir na n-imthosca. I gcás inar gá sin i ngeall ar chastacht na mbeart coiscthe, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, sa mhéid gur cuid de shlabhra gníomhaíochtaí na gcuideachtaí iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Mar sin féin, níor cheart oibleagáid a bheith ar an gcuideachta ach na dearbhuithe conarthacha a lorg, mar d'fhéadfadh sé go mbeadh fáil orthu ag brath ar na himthosca. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais a dhéanamh freisin arb é is aidhm dóibh drochthionchair a chosc, agus comhoibriú le cuideachtaí eile. Ba cheart do chuideachtaí tacaíocht spriocdhírithé agus chomhréireach a chur ar fáil freisin do FBM ar chomhpháirtí gnó de chuid na cuideachta é, i gcás ina bhféadfaí inmharthanacht FBM a chur i mbaol, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnamh chun maoiniú a fháil, chun cuidiú le cur chun feidhme an chóid iompair nó an phlean gníomhaíochta coisc, nó treoir theicniúil amhail oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta. Ba cheart a thuiscint as inmharthanacht FBM a chur i mbaol go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le féimheacht FBM nó an FBM a chur i gcás ina bhfuil féimheacht ar tí tarlú. Níor cheart ceangal a chur ar ghnóthais airgeadais, **fad atá seirbhísí airgeadais á soláthar acu de réir bhrí na Treorach seo,** tacaíocht spriocdhírithé agus chomhréireach a sholáthar do FBM toisc nach gcumhdaítear FBManna lena slabhra gníomhaíochtaí.
- (35) D'fhoill raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó íoslaghdaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhoill comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an comhpháirtí gnó indíreach ag comhlíonadh an chonartha.

- (35a) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le comhoibriú le cuideachta eile chun drochthionchair a chosc, mar shampla, ar leibhéal an chomhpháirtí gnó indíriú de chuid cuideachta, a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an gcomhpháirtí gnó indíreach atá i gceist. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gurb é comhar le heintitis eile an t-aon bhealach réadúil chun cosc a chur ar dhrochthionchair arb iad comhpháirtithe gnó díreacha fiú is cúis leo mura leor tionchar na cuideachta. Ba cheart don chuideachta comhoibriú leis an eintiteas ar féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar an mbealach is éifeachtaí, go hiomlán nó i gcomhpháirt leis an gcuideachta, nó le heintitis dhlíthiúla eile, agus an dlí is infheidhme á urramú, go háirithe dlí na hiomaíochta.
- (36) Chun a áirithiú gur éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar féideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le comhpháirtíochtaí gnó sa slabhra gníomhaíochtaí, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Ba cheart a bheith i gceist le foirceannadh an chaidrimh ghnó mar rogha dheireanach nach bhfuil féidearthachtaí nach bhfuil chomh tromchúiseach ar fáil agus is cosúil nach bhfuil dóchúlacht ann tionchar na cuideachta a mhéadú ar chomhpháirtithe gnó is cúis leis an drochthionchar. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí gnó atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, caidrimh ghnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí coiscthe agus maolaithe á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma; nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann. Chun ligean do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil chun an caidreamh gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe a chur ar fionraí go sealadach agus a fhoirceannadh, ach amháin i gcásanna ina bhfuil oibleagáid dlí ar na comhpháirtithe iad a dhéanamh, mar is amhlaidh i gcás árachas éigeantach mar shampla. Más rud é nach bhfuil ceann de na hionstraimí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo daingnithe ná curtha chun feidhme ina dhlí náisiúnta ag tríú tír, ní hionann sin is a rá nach bhfuil aon oibleagáid ann an caidreamh gnó a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh go sealadach.

(36a) I gcásanna áirithe, níor cheart oibleagáid a bheith ar chuideachtaí an caidreamh gnó a fhoirceannadh. Níor cheart ceangal a chur ar chuideachtaí deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó má tá ionchas réasúnta ann go bhféadfadh drochthionchar níos tromchúisí a bheith mar thoradh ar an bhfoirceannadh. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine sin a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh. Mar shampla, dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina sainaithníodh drochthionchar féideartha mar gheall ar shaothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchar a bheadh níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh drochthionchar níos déine a bheith ann dá mbainfí pá maireachtála d'oibrithe trí dheireadh a chur leis an gcaidreamh gnó lena bhfostóir chun deireadh a chur le drochthionchar féideartha arb é atá ann an ceart chun cómhargála a shárú. Ar deireadh, níor cheart go gceanglófaí ar an gcuideachta deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó lena comhpháirtí gnó rithábhachtach a sholáthraíonn amhábharr, táirge nó seirbhís atá riachtanach do ghnó na cuideachta, más rud é go ndéanfaidh an foirceannadh dochar suntasach don chuideachta. Ba cheart dochar suntasach a léirmhíniú mar éifeacht dhiúltach shuntasach ar staid dhlíthiúil, airgeadais nó eacnamaíoch na cuideachta nó ar a cumas táirgthe, lena n-áirítear san fhadtearma, amhail éifeacht is cúis le dóchúlacht dócmhainneachta. Ionas nach mbainfear an bonn d'aidhmeanna na Treorach seo, ba cheart an cinneadh gan deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó a bheith faoi réir coinníollacha ina dhiaidh sin. Ba cheart a cheangal ar an gcuideachta í féin a thuairisciú don údarás maoirseachta agus údar cuí a thabhairt leis na cúiseanna nár cuireadh deireadh leis an gcaidreamh gnó agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an drochthionchar féideartha le gníomhaíochtaí féideartha atá le déanamh chun an drochthionchar a chosc nó a mhaolú, chun athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcinneadh gan deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó agus chun caidrimh ghnó mhalartacha a lorg. Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, níor cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach seo maidir le deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó ach amháin maidir le comhaontuithe tráchtála arna dtabhairt i gcrích ag an gcuideachta tar éis dhul in éag na tréimhse trasuite chun an Treoir seo a chur chun feidhme.

- (36b) Mar a léirítear freisin i dTreoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, ní mór sainsiúlachtaí na seirbhísí airgeadais a aithint. Táthar ag súil go mbreithneoidh gnóthais airgeadais drochthionchair ar fud a bpróiseas maoinithe agus árachais agus go n-úsáidfí siad an ‘giaráil’ atá acu, mar a thugtar air, chun tionchar a imirt ar chuideachtaí dá soláthraíonn siad maoiniú nó árachas, drochthionchair fhéideartha na gcuideachtaí a chosc nó mhaolú. In imthosca áirithe, d’fhéadfadh sé a bheith deacair, nó dodhéanta fiú, seirbhísí airgeadais a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí láithreach (árachas éigeantach, mar shampla). I gcásanna eile, nuair a bhaineann gnóthas airgeadais rialáilte leas as giaráil, d’fhéadfadh sé a bheith míchuí na seirbhísí airgeadais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh toisc go bhféadfaí torthaí níos fearr a bhaint amach le vótáil agus rannpháirtíocht, go háirithe rannpháirtíocht chomhchoiteann le hinfheisteoirí agus creidiúnaithe, chun an drochthionchar a chosc nó a mhaolú. Ar na cúiseanna sin, ní cheanglaítear leis an treoir ar ghnóthais airgeadais rialáilte, **fad atá seirbhísí airgeadais á soláthar acu de réir bhrí na Treorach seo,** an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach nó a fhoirceannadh. Sna cásanna sin, ba cheart ceangal a chur ar na gnóthais airgeadais rialáilte leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar an drochthionchar agus leanúint de na hiarrachtaí chun an drochthionchar a chosc nó a mhaolú.
- (37) A mhéid a bhaineann le comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh il-gheallsealbhóirí cabhrú le giaráil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainaithint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. D’fhéadfadh cuideachtaí measúnú a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin, ar ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt sin a áirithiú, ba cheart freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don rogha atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi na scéimeanna nó faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí a éascú. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus tionscnaimh il-gheallsealbhóirí.

(38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainaithníonn cuideachta drochthionchair iarbhír ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh cuideachta in ann deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ina cuid oibríochtaí féin agus in oibríochta a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, a mhéid a bhaineann le comhpháirtithe gnó, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí méid na dtionchar sin a íoslaghdú. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar íoslaghdú mhéid na ndrochthionchar an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol agus chun méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, i gcás inarb iomchuí de réir na n-imthosca. Agus measúnú á dhéanamh ar na bearta iomchuí chun deireadh a chur leis na drochthionchair nó chun méid na dtionchar sin a íoslaghdú, tabharfar aird chuí ar ‘leibhéal rannpháirtíochta na cuideachta i ndrochthionchar’, mar a thugtar air, i gcomhréir leis na creataí idirnáisiúnta agus le cumas na cuideachta tionchar a imirt ar an gcomhpháirtí gnó is cúis leis an drochthionchar. Ba cheart é a bheith d’oibleagáid ar chuideachtaí deireadh a chur le méid na ndrochthionchar arb iad féin is cúis leo (‘is cúis leis’ an drochthionchar dá dtagraítear sa chreat idirnáisiúnta) nó i gcomhpháirt lena bhfochuideachtaí nó lena gcomhpháirtithe gnó (‘a rannchuidíonn’ leis an drochthionchar dá dtagraítear sa chreat idirnáisiúnta). Maidir leis an drochthionchar a chruthú go comhpháirteach, ní chiallaíonn sé go bhfuil baint chomhionann ag an gcuideachta agus a fochuideachta nó a comhpháirtí gnó leis an drochthionchar, ach ba cheart go gcumhdófaí leis gach cás de ghníomhartha nó neamhghníomhartha na cuideachta is cúis leis an drochthionchar in éineacht le gníomhartha nó neamhghníomhartha fochuideachtaí nó comhpháirtithe gnó. I gcás nach bhfuil cuideachtaí ina gcúis leis na drochthionchair a tharlaíonn ina slabhraí gníomhaíochtaí iad féin nó i gcomhpháirt le heintitis dhlíthiúla eile, ach gurb é a gcomhpháirtí gnó i slabhraí gníomhaíochtaí is cúis leis an drochthionchar (‘a bheith nasctha go díreach’ leis an drochthionchar dá dtagraítear sa chreat idirnáisiúnta), ba cheart oibleagáid a bheith orthu a dtionchar a úsáid chun deireadh a chur leis an drochthionchar arb iad a gcomhpháirtithe gnó is cúis leis nó méid an drochthionchair sin a íoslaghdú, chun a dtionchar a mhéadú chun é sin a dhéanamh. Trí úsáid a bhaint as an gcoincheap ‘na cúiseanna leis an drochthionchar’ in ionad na dtéarmaí thuasluaite a úsáidtear sna creataí idirnáisiúnta, seachnaítear mearbhall maidir le téarmaí dlíthiúla atá ann cheana i gcórais dlí náisiúnta agus, ag an am céanna, cumhdaítear an caidreamh cúisíoch céanna mar a thuairiscítear sna creataí sin.

Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le creataí idirnáisiúnta, ba cheart go n-áireofaí le tionchar na cuideachta ar chaidreamh gnó, ar thaobh amháin, a cumas a chur ina luí ar an gcaidreamh gnó gníomhaíocht a dhéanamh chun drochthionchair a chosc nó chun deireadh a chur leo (mar shampla trí chumhacht mhargaidh, ceanglais réamhcháiliúcháin, dreasachtaí gnó a nascadh leis an bhfeidhmíocht i ndáil le cearta an duine agus leis an gcomhshaol, etc.) agus, ar an taobh eile, an méid tionchair nó gearála a d'fhéadfadh an chuideachta a fheidhmiú go réasúnta, mar shampla trí chomhar leis an gcomhpháirtí gnó ábhartha nó trí idirghabháil le cuideachta eile is í comhpháirtí gnó díreach an chaidrimh ghnó a bhfuil baint aige leis an drochthionchar.

(39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhír agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí uile seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha ag brath ar na cúinsí. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus raon feidhme an drochthionchair agus le rannpháirtíocht na cuideachta sa drochthionchar. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta, agus iad sainithe go soiléir, maidir leis an ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra gníomhaíochtaí na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Mar sin féin, níor cheart oibleagáid a bheith ar an gcuideachta ach na dearbhuithe conarthacha a lorg, mar d'fhéadfadh sé go mbeadh fáil orthu ag brath ar na himthosca. Ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a thabhairt do FBManna ar comhpháirtithe gnó iad den chuideachta i gcás ina bhféadfadh baol a bheith ann d'inmharthanacht FBM, agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar. Ba cheart a thuiscint as inmharthanacht FBM a chur i mbaol go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le féimheacht FBM nó an FBM a chur i gcás ina bhfuil féimheacht ar tí tarlú. Níor cheart ceangal a chur ar ghnóthais airgeadais, **fad atá seirbhísí airgeadais á soláthar acu de réir bhrí na Treorach seo,** tacaíocht spriocdhírthe agus chomhréireach a sholáthar do FBM toisc nach gcumhdaítear FBManna lena slabhra gníomhaíochtaí. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí feabhsúchán a sholáthar do na daoine agus do na pobail dá ndéantar difear ar cheart cúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais a bheith i gceist leis ar cheart dó a bheith comhréireach le suntasacht (scála agus tromchúis an drochthionchair) agus raon feidhme (líon na ndaoine nó méid na timpeallachta lena mbaineann) an drochthionchair agus rannpháirtíocht na cuideachta sa drochthionchar. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis an gcúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais an duine nó na daoine dá ndéantar difear a thabhairt ar ais chuig an staid ina mbeidís murach gur tharla an drochthionchar iarbhír.

- (40) Chun raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair iarbhir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta ceartaithí a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun comhlíontacht an chomhpháirtí gnó indíreach leis an gconradh a fhíorú.
- (41) Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair iarbhir nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le comhpháirtithe gnó sa slabhra gníomhaíochtaí, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le drochthionchair iarbhir nó iad a íoslaghdú. Ba cheart a bheith i gceist le foirceannadh an chaidrimh ghnó mar rogha dheireanach nach bhfuil féidearthachtaí nach bhfuil chomh tromchúiseach ar fáil agus is cosúil nach bhfuil dóchúlacht ann tionchar na cuideachta a mhéadú ar chomhpháirtithe gnó is cúis leis an drochthionchar. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur leis na drochthionchair iarbhir ná a méid a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, an caidreamh gnó i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí chun deireadh a chur le méid an drochthionchair nó é a mhaolú coiscthe á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann. Chun ligean do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil chun an caidreamh gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe a chur ar fionraí go sealadach agus a fhoirceannadh, ach amháin i gcásanna ina bhfuil oibleagáid dlí ar na comhpháirtithe iad a dhéanamh, i gcás árachas éigeantach mar shampla. Más rud é nach bhfuil ceann de na hionstraimí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo daingnithe ná curtha chun feidhme ina dhlí náisiúnta ag tríú tír, ní hionann sin is a rá nach bhfuil aon oibleagáid ann an caidreamh gnó a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh go sealadach.

(41a) I gcásanna áirithe, níor cheart oibleagáid a bheith ar chuideachtaí an caidreamh gnó a fhoirceannadh. Níor cheart ceangal a chur ar chuideachtaí deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó má tá ionchas réasúnta ann go bhféadfadh drochthionchar níos tromchúisí a bheith mar thoradh ar an bhfoirceannadh. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine sin a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh drochthionchar níos déine a bheith ann dá mbainfí pá maireachtála d'oibrithe trí dheireadh a chur leis an gcaidreamh gnó lena bhfostóir chun deireadh a chur le drochthionchar arb é atá ann an ceart chun cómhargála a shárú. Ar deireadh, níor cheart go gceanglófaí ar an gcuideachta deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó lena comhpháirtí gnó rithábhachtach a sholáthraíonn amhábharr, táirge nó seirbhís atá riachtanach do ghnó na cuideachta, más rud é go ndéanfaidh an foirceannadh dochar suntasach don chuideachta. Ba cheart dochar suntasach a léirmhíniú mar éifeacht dhiúltach shuntasach ar staid dhlíthiúil, airgeadais nó eacnamaíoch na cuideachta nó ar a cumas táirgthe, lena n-áirítear san fhadtearma, amhail éifeacht is cúis le dóchúlacht dócmhainneachta. Ionas nach mbainfear an bonn d'aidhmeanna na Treorach seo, ba cheart an cinneadh gan deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó a bheith faoi réir coinníollacha ina dhiaidh sin. Ba cheart a cheangal ar an gcuideachta í féin a thuairisciú don údarás maoirseachta agus údar cuí a thabhairt leis na cúiseanna nár cuireadh deireadh leis an gcaidreamh gnó agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an drochthionchar iarbhir le gníomhaíochtaí féideartha atá le déanamh chun deireadh a chur leis an drochthionchar nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, chun athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcinneadh gan deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó agus chun caidrimh ghnó mhalartacha a lorg. Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, níor cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach seo maidir le deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó ach amháin maidir le comhaontuithe tráchtála arna dtabhairt i gcrích ag an gcuideachta tar éis dhul in éag na tréimhse trasuite chun an Treoir seo a chur chun feidhme.

(41b) Toisc go léirítear freisin i dTreoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta é, ní mór sainiúlachtaí na seirbhísí airgeadais a aithint. Táthar ag súil go mbreithneoidh gnóthais airgeadais rialáilte drochthionchair ar fud a bpróiseas maoinithe agus árachais agus go n-úsáidfí siad a ‘giaráil’, mar a thugtar air, chun tionchar a imirt ar chuideachtaí dá soláthraíonn siad maoiniú nó árachas, chun deireadh a chur le drochthionchair na gcuideachtaí nó chun iad a íoslaghdú. In imthosca áirithe, d’fhéadfadh sé a bheith deacair nó dodhéanta seirbhísí airgeadais a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí láithreach (e.g. árachas éigeantach). I gcásanna eile, nuair a fheidhmíonn gnóthas airgeadais rialáilte giaráil, d’fhéadfadh sé a bheith míchuí na seirbhísí airgeadais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh toisc go bhféadfadh seans níos fearr a bheith ann deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an drochthionchair a íoslaghdú leis an vótáil agus an teagmháil, go háirithe teagmháil chomhchoiteann le hinfheisteoirí nó creidiúnaithe eile. Ar na cúiseanna sin, ní cheanglaítear leis an Treoir ar ghnóthais airgeadais rialáilte, **fad atá seirbhísí airgeadais á soláthar de réir bhrí na Treorach seo**, an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach ná a fhoirceannadh. Sna cásanna sin, ba cheart ceangal a bheith ar na gnóthais airgeadais rialáilte leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar an drochthionchar agus leanúint de na hiarrachtaí deireadh a chur leis an drochthionchar agus méid an drochthionchair a íoslaghdú.

(42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d’eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair inní dhlisteanacha maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol. Chun an t-ualach ar chuideachtaí a laghdú, ba cheart dóibh a bheith in ann páirt a ghlacadh i nós imeachta comhoibritheach gearán, cosúil leis na nósanna imeachta sin arna mbunú go comhpháirteach ag cuideachtaí (mar shampla, ag grúpa cuideachtaí), trí chomhlachais tionscail nó trí thionscnaimh il-gheallsealbhóirí, in ionad an nós imeachta gearán a chur ar bun ina n-aonar. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d’fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach ceardchumann agus ionadaithe oibrithe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra gníomhaíochtaí lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an drochthionchar lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhír. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta cothrom, inrochtana agus trédhearcach a bhunú chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na hoibrithe, na ceardchumann agus ionadaithe eile na n-oibrithe a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na nósanna imeachta sin. Ba cheart an téarma ‘cothrom, inrochtana agus trédhearcach’ a thuiscint i gcomhréir le prionsabal 31 de Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine lena gceanglaítear go mbeidh nósanna imeachta dlisteanacha, inrochtana, intuatha, cothrom, trédhearcach, comhoiriúnach do chearta agus ina bhfoinse foghlama leanúnaí. Ba cheart a áireamh leis an nós imeachta rúndacht chéannacht an ghearánaigh, agus na bearta is gá chun aon chineál frithbhirt ón gcuideachta agus óna fochuideachtaí a chosc. Ba cheart frithbheart a thuiscint mar aon ghníomh nó faillí dhíreach nó indíreach a spreagadh mar gheall ar ghearán a chur isteach agus a dhéanann díobháil éagórach don ghearánach nó a d’fhéadfadh díobháil éagórach a dhéanamh dó. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus gearáin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha, nó ábhair inní chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid údarais mhaoirseachta. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh gearánaigh i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhír is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.

(42a) Mar gheall ar liosta níos leithne daoine nó eagraíochtaí atá i dteideal gearán a chur isteach agus raon feidhme níos leithne ábhar gearán, tuigtear go dlíthiúil gur sásra ar leith é an nós imeachta gearán don nós imeachta tuairiscithe inmheánach arna bhunú ag cuideachtaí i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶. Más féidir an sárú ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta a áirítear i raon feidhme ábhartha na Treorach sin a mheas mar dhrochthionchar agus gur fostaí de chuideachta é an duine tuairiscithe a ndéanann an drochthionchar difear dó go díreach, d'fhéadfadh an duine an dá nós imeachta a úsáid - sásra gearáin i gcomhréir leis an Treoir seo nó nós imeachta tuairiscithe inmheánach a leagtar amach i gcomhréir leis an Treoir sin. Mar sin féin, mura gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha thuas, ní fhéadfadh an duine dul ar aghaidh ach trí cheann amháin de na nósanna imeachta.

⁴⁶ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

(43) Ba cheart do chuideachtaí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus éifeachtacht a mbeart díchill chuí, agus aird chuí á tabhairt ar fhaisnéis ábhartha ó gheallsealbhóirí. Ba cheart dóibh measúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí gníomhaíochtaí na cuideachta, ar oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc, a mhaolú, agus sa chaoi sin deireadh a chur le híoslachdú méid na ndrochthionchar sin. Ba cheart leis na measúnuithe sin a fhíorú go sainaithnítear na drochthionchair go cuí, go gcuirtear bearta díchill chuí chun feidhme, agus gur coiscedh na drochthionchair nó gur cuireadh deireadh leo le fírinne. Chun a áirithiú go mbeidh na measúnuithe sin cothrom le dáta, ba cheart iad a dhéanamh gan mhoill mhíchuí tar éis d'athrú suntasach a tharlú, ach gach 24 mhí ar a laghad agus ba cheart iad a athbhreithniú idir an dá linn má tá forais réasúnacha ann lena chreidiúint gurbh fhéidir go mbeadh rioscaí móra nua drochthionchair tagtha chun cinn. Ba cheart athrú suntasach a thuiscint mar athrú ar an status quo maidir le hoibríochtaí na cuideachta féin, le hoibríochtaí a fochuideachtaí nó a comhpháirtithe gnó, leis an timpeallacht dhlíthiúil nó an timpeallacht ghnó nó aon athrú suntasach eile ó staid na cuideachta, lena n-áirítear foghlaim faoi dhrochthionchar ó fhaisnéis atá ar fáil go poiblí nó trí dhul i gcomhairle leis an geallsealbhóirí, ina mbíonn súil réasúnta ann go dtabharfadh an chuideachta freagra air agus go ndéanadh sí an beartas a nuashonrú. D'fhéadfadh gur samplaí d'athrú suntasach iad na cásanna ina n-oibríonn an chuideachta in earnáil eacnamaíoch nua nó i limistéar geografach nua, ina dtosaíonn sí ag táirgeadh táirgí nua nó ina n-athraíonn sí an bealach a dtáirgtear na táirgí atá ann cheana agus úsáid á baint as teicneolaíocht a bhféadfadh drochthionchar níos mó a bheith aici, nó ina n-athraíonn sí a struchtúr corparáideach trí athstruchtúrú nó cumaisc nó éadálacha. Níor cheart do ghnóthais airgeadais measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ach amháin ar a n-oibríochtaí féin, [...] ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí [...] **agus, fad atá seirbhísí airgeadais á soláthar acu de réir bhrí na Treorach seo,** [...] ar éifeachtacht na mbeart arna ndéanamh chun an drochthionchar a d'fhéadfadh siad a imirt a chosc nó a mhaolú nó chun deireadh a chur leis an drochthionchar iarbhír a sainaithníodh sular soláthraíodh an tseirbhís airgeadais don chomhpháirtí gnó atá i gceist nó chun méid an drochthionchair sin a íoslachdú. Níor cheart aon mheasúnuithe breise a cheangal ar ghnóthais airgeadais maidir lena gcomhpháirtithe gnó **dá bhfuil seirbhísí airgeadais á soláthar acu de réir bhrí na treorach seo** le linn an chaidrimh leis an gcomhpháirtí gnó a bheith ann.

(44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagtar síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat ECFE, is cuid dílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis a fhoilsiú atá ábhartha go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun drochthionchair iarbhír nó féideartha a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Leagtar amach i dTreoir 2013/34/AE oibleagáidí tuairiscithe ábhartha maidir le hinbhuanaitheacht chorparáideach le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. Chun dúbláil na n-oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí aon oibleagáidí tuairiscithe nua isteach leis an Treoir seo sa bhreis ar na hoibleagáidí faoi Threoir 2013/34/AE le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin agus leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi. Maidir le cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE, chun a n-oibleagáid maidir le cumarsáid a dhéanamh mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil maidir leis an mbliain airgeadais a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga is gnách a húsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta.

- (45) Chun comhlíontacht na gcuideachtaí lena gceanglais díchill chuí trína slabhra gníomhaíochtaí a éascú agus chun teorainn a chur le bogadh ualach an chomhlíonta ar chomhpháirtithe gnó FBM, ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar maidir le clásail chonartha eiseamláireacha, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus geallsealbhóirí ábhartha.
- (46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart an rogha a bheith ag an gCoimisiún, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha nó le hidirghníomhú na Treorach seo agus gníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais agus lena ndéanfar foráil le hoibleagáidí níos forleithne nó níos sonraí.
- (47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhoichonraitheoirí (comhpháirtithe gnó díreacha nó indíreacha) do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin ar FBManna a mhaolú, nó tá cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta. Chun tacú le FBManna, ba cheart do na Ballstáit suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú, chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí, ina n-aonair nó i gcomhpháirt, agus d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmharthanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.

- (48) D'fhonn an tacaíocht a thugann na Ballstáit do FBManna a chomhlánú, féadfaidh an Coimisiún cur le huirlisí, tionscadail agus gníomhaíochtaí eile ata ag an Aontas cheana agus a chabhraíonn le cur chun feidhme an díchill chuí san Aontas agus i dtríú tíortha. Féadfaidh sé bearta tacaíochta nua a chur ar bun a chuideoidh le cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, maidir le ceanglais díchill chuí, lena n-áirítear faireachlann le haghaidh trédhearcacht an tslabhra gníomhaíochtaí agus éascú na dtionscnamh comhpháirteach ó pháirtithe leasmhara.
- (49) D'fhéadfadh an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú, ag tógáil ar ghníomhaíocht an Aontas atá ann cheana chun tacú le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha cur lena gcumas drochthionchair a n-oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc agus a mhaolú go héifeachtach, agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin atá os comhair feirmeoirí beaga. Moltar don Aontas agus do na Ballstáit laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach a n-ionstraimí comharsanachta, forbartha agus comhair idirnáisiúnta a úsáid chun tacú le rialtais tríú tíortha agus le hoibreoírí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair a gcuid oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó réamhtheachtacha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an comhar le rialtais tíortha comhpháirtíochta, leis an earnáil phríobháideach áitiúil agus le páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol.
- (50) Chun a áirithiú go rannchuidíonn an Treoir seo go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ba cheart do chuideachtaí plean a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta comhoiriúnach leis an aistriú chuig gilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. I gcás ina sainaithnítear, nó inar cheart go sainaithneofaí, an aeráid mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, ba cheart don chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur san áireamh ina plean.
- (51) [...]

- (52) Chun go bhféadfadh formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an Treoir seo agus, i gcás inar gá, í a fhorfheidhmiú go héifeachtach i ndáil leis na cuideachtaí tríú tír sin, ba cheart do na cuideachtaí sin ionadaí údaraithe san Aontas a ainmniú a mbeidh sainordú leordhóthanach aige agus ba cheart dóibh faisnéis a sholáthar maidir lena n-ionadaithe údaraithe. Ba cheart go bhféadfadh an t-ionadaí údaraithe feidhmiú mar phointe teagmhála freisin, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais ábhartha na Treorach seo. Mura n-ainmníonn an chuideachta tríú tír an t-ionadaí údaraithe, ba cheart gach Ballstát ina bhfeidhmíonn an chuideachta a bheith inniúil chun comhlíonadh na hoibleagáide sin a fhorfheidhmiú, go háirithe duine dlítheanach nó nádúrtha a ainmniú i gceann de na Ballstáit ina n-oibríonn sí, i gcomhréir leis an gcreat forfheidhmithe a leagtar amach sa dlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a chuireann tús le forfheidhmiú den sórt sin údarais mhaoirseachta na mBallstát eile a chur ar an eolas trí Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta ionas nach ndéanfaidh na Ballstáit eile iad a fhorfheidhmiú.
- (53) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar chur chun feidhme ceart oibleagáidí díchill chuí na gcuideachtaí agus chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit údarás nó údarais maoirseachta náisiúnta a ainmniú. Ba cheart na húdarais mhaoirseachta sin a bheith de chineál poiblí, neamhspleách ar na cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus ar leasanna margaidh eile, agus iad a bheith saor ó choinbhleachtaí leasa. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit maoiniú iomchuí an údarais inniúil a áirithiú. Ba cheart dóibh a bheith i dteideal imscrúduithe a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin nó ar bhonn ábhar inní a bhfuil bunús leo a agraítear faoin Treoir seo. I gcás inarb ann d'údarais inniúla faoi reachtaíocht earnála, d'fhéadfadh na Ballstáit iad siúd a shainaithint mar údarais atá freagrach as cur i bhfeidhm na Treorach seo ina réimsí inniúlachta. D'fhéadfaidís údarais mhaoirseachta ar ghnóthais airgeadais rialáilte a ainmniú freisin mar údarais mhaoirseachta chun críocha na Treorach seo.

(54) Chun forfheidhmiú éifeachtach na mbeart náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis athchomhairleacha chomhréireacha éifeachtacha i gcás sáruithe ar na bearta sin. Chun go mbeidh an córas pionóis sin éifeachtach, ba cheart pionóis airgid a bheith ar áireamh sna pionóis riaracháin a bheidh le forchur ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil an pionós airgid i gcomhréir le glanláimhdeachas domhanda na cuideachta agus é á fhorchur. Níor cheart oibleagáid a bheith ar na Ballstáit mar gheall, áfach, an pionós airgid a bhunú ar ghlanláimhdeachas na cuideachta agus air sin amháin i ngach cás. Ba cheart solúbthacht a bheith ag na Ballstáit an pionós a bhunú ar chritéir eile freisin, staid eacnamaíoch na cuideachta mar shampla. Ba cheart do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar cheart d'údaráis mhaoirseachta na pionóis a fhorchur go díreach, i gcomhar le húdaráis eile nó trí iarraidh ar na húdaráis bhreithiúnacha inniúla. Chun maoirseacht phoiblí ar chur i bhfeidhm na rialacha a leagtar amach sa Treoir seo a áirithiú, maidir le cinntí na n-údarás maoirseachta ina bhfuil pionóis arna bhforchur ar chuideachtaí toisc gur theip orthu forálacha an dlí náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme a chomhlíonadh, ba cheart na cinntí sin a fhoilsiú, a sheoladh chuig Línra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta agus a bheith ar fáil go poiblí ar feadh 3 bliana ar a laghad. Níor cheart aon sonraí pearsanta a bheith sa chinneadh foilsithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁷. Ceadáítear ainm na cuideachta a fhoilsiú fiú má tá ainm duine nádúrtha ann.

⁴⁷ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (55) Chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú comhsheasmhach na bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta oibriú i gcomhar le chéile agus a ngníomhaíocht a chomhordú. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta a bhunú agus ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta cúnamh a thabhairt dá chéile i dtaca lena gcúraimí a fheidhmiú agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile.
- (56) Chun cúiteamh éifeachtach d'íospartaigh drochthionchar a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rialacha a leagan síos lena rialaítear dliteanas sibhialta cuideachtaí as damáiste a dhéantar do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ar choinníoll gur theip ar an gcuideachta, d'aon ghnó nó go faillíoch, drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc agus a mhaolú nó deireadh a chur le tionchair iarbhrí agus a méid a íoslaghdú agus gur tharla damáiste don duine nádúrtha nó dlítheanach mar thoradh ar theip den sórt sin. Ba cheart damáiste a dhéantar do leasanna dlíthiúla cosanta duine a thuiscint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, mar shampla bás, gortú fisiciúil nó síceolaíoch, díothú saoirse pearsanta, cailleadh dínit an duine, nó damáiste do mhaoine duine. Maidir leis an gcoinníoll nach mór an damáiste a bheith déanta do dhuine mar thoradh ar mhainneachtain na cuideachta an oibleagáid a chomhlíonadh chun aghaidh a thabhairt ar an drochthionchar, i gcás ina bhfuil an ceart, an toirmeasc nó an oibleagáid a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil drochthionchar ar cheart aghaidh a thabhairt air mar thoradh ar a mhí-úsáid nó a shárú, dírithe ar an duine nádúrtha nó dlítheanach dá ndéantar an damáiste a chosaint, ba cheart é a thuiscint nach bhfuil damáiste díorthach (a tharla go hindíreach do dhaoine eile nach íospartaigh iarmhairtí díobhálacha iad agus nach bhfuil faoi chosaint na gceart, na dtoirmeasc ná na n-oibleagáidí a liostaítear in Iarscríbhinn I) cumhdaithe. Mar shampla, má d'fhulaing fostaí de chuideachta damáiste mar gheall ar an gcuideachta ag sárú caighdeán sábháilteachta san ionad oibre, níor cheart cead a bheith ag tiarna talún fostaí den sórt sin éileamh a dhéanamh in aghaidh na cuideachta ar chaillteanas eacnamaíoch de bharr nach bhfuil an fostaí in ann an cíos a íoc. Ní rialaítear cúisíocht leis an Treoir seo, ach amháin nár cheart na cuideachtaí a chur faoi dhliteanas más iad na comhpháirtithe gnó amháin i slabhraí gníomhaíochtaí na gcuideachtaí a dhéanann an damáiste ('a bheith nasctha go díreach le'). Ba cheart é a bheith de cheart ag na híospartaigh cúiteamh iomlán a fháil as an damáiste a tharla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis an bprionsabal coiteann sin. Ba cheart díspreagadh trí dhamáistí (i.e. damáistí pionósacha) nó aon chineál eile róchúitimh a thoirmeasc.

- (57) Níor cheart go mbeadh cuideachta faoi dhliteanas dá dtarlódh an méid céanna damáiste fiú dá ndéanfadh an chuideachta beart i gcomhréir leis an Treoir seo. Chomh maith leis sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na drochthionchair de réir a ndéine agus a ndóchúlachta agus aghaidh a thabhairt orthu de réir a chéile, mura féidir aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair uile a sainaithníodh ag an am céanna, níor cheart go mbeadh cuideachta faoi dhliteanas i leith aon damáiste a eascraíonn as aon drochthionchair nach bhfuil chomh suntasach sin agus nár tugadh aghaidh orthu go fóill. Ba cheart, áfach, cruinneas maidir leis an tosaíocht a thugann an chuideachta do dhrochthionchair a mheas agus cinneadh á dhéanamh i dtaca le cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha i dtaca le dliteanas na cuideachta mar chuid den mheasúnú ar cibé acu ar sháraigh nó nár sháraigh an chuideachta a hoibleagáid i ndáil le haghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na drochthionchair a sainaithníodh.
- (58) Ní rialaítear leis an gcóras dliteanais cé air a bhfuil sé a chruthú gur leordhóthanach gníomhaíocht na cuideachta go réasúnta in imthosca an cháis, agus dá bhrí sin fágтар an cheist sin faoin dlí náisiúnta. Chomh maith leis sin, ní rialaítear leis an Treoir seo cé is féidir éileamh a thabhairt os comhair cúirteanna náisiúnta agus na coinníollacha faoina bhféadfar an t-imeacht sibhialta a thionscnamh, dá bhrí sin fágтар an cheist sin faoin dlí náisiúnta. Mar shampla, is féidir leis na Ballstáit a chinneadh gurb é an t-íospartach amháin atá in ann an t-éileamh a thabhairt os comhair cúirteanna náisiúnta nó gur féidir le heagraíocht de chuid na sochaí sibhialta, ceardchumann nó eintiteas dlíthiúil eile an t-éileamh a thabhairt thar ceann an íospartaigh sin.

- (59) Maidir le rialacha dliteanais sibhialta, ba cheart dliteanas sibhialta cuideachta as damáistí a eascraíonn as gan dícheall cuí leordhóthanach a bheith déanta aici a bheith gan dochar do dhliteanas sibhialta a cuid fochuideachtaí ná do dhliteanas sibhialta faoi seach comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha i slabhra na ngníomhaíochtaí. I gcás ina ndearna an chuideachta an damáiste go comhpháirteach lena fochuideachta nó lena comhpháirtí gnó, ba cheart í a bheith faoi dliteanas comhpháirteach agus leithleach leis an bhfochuideachta nó leis an gcomhpháirtí gnó sin faoi seach. Tá an méid sin gan dochar d'aon dlí náisiúnta maidir le coinníollacha an dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh agus maidir le cearta cúláraigh i ndáil leis an gcúiteamh iomlán a bheith íoctha ag páirtí amháin atá faoi dhliteanas comhpháirteach agus leithleach.
- (59a) Ba cheart na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo a bheith gan dochar do rialacha an Aontais nó do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear le dliteanas níos déine ná an Treoir seo nó nach bhforáiltear dóibh maidir le dliteanas níos déine. Ba cheart córas dliteanais níos déine a thuiscint freisin mar chóras náisiúnta dliteanais sibhialta nach bhforáiltear do dhíolúintí dá bhforáiltear sa Treoir seo, amhail tosaíocht a thabhairt do dhrochthionchair.
- (60) A mhéid a bhaineann le dliteanas sibhialta a eascraíonn ó dhrochthionchair ar an gcomhshaol, is féidir le daoine a ndéantar damáiste dóibh cúiteamh a éileamh faoin Treoir seo fiú i gcás ina bhfuil forluí idir na tionchair sin agus na héilimh maidir le cearta an duine.

- (61) Chun a áirithiú gur féidir le híospartaigh sáruihte ar chearta an duine agus dochar don chomhshaol caingeann chun cúiteamh a ghnóthú agus cúiteamh a éileamh i leith damáistí a dhéanann an chuideachta d'aon ghnó nó go faillíoch toisc nár chomhlíon sí na hoibleagáidí díchill chuí a eascraíonn as an Treoir seo, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit leis an Treoir seo a áirithiú go bhfuil forálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an córas dliteanais shibhialta dá bhforáiltear sa Treoir seo á gcur i bhfeidhm go héigeantach agus gó sáraitheach i gcásanna nach dlí Ballstáit é an dlí is infheidhme maidir le héilimh ina leith sin, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh mar shampla i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta an dlí phríobháidigh nuair a dhéantar an damáiste i dtríú tír. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis na Ballstáit, agus an córas dliteanais shibhialta dá bhforáiltear sa Treoir seo á thrasú acu agus na modhanna chun an toradh sin a bhaint amach á roghnú acu, na rialacha náisiúnta gaolmhara uile a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear na ceanglais maidir le cé acu duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar féidir leis an t-éileamh a dhéanamh, reacht na dtréimhsí, agóidí agus cosaintí, agus an chúiteamh a ríomh, a mhéid is gá chun cosaint na n-íospartach a áirithiú agus atá ríthábhachtach chun leasanna poiblí an Bhallstáit a chosaint, amhail a eagraíocht pholaitiúil, shóisialta nó eacnamaíoch.
- (62) Ba cheart an córas dliteanais shibhialta faoin Treoir seo a bheith gan dochar do Threoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁸. Níor cheart don Treoir seo cosc a chur ar na Ballstáit oibleagáidí breise agus níos déine a fhorchur ar chuideachtaí nó bearta breise a ghlacadh taobh amuigh de sin a bhfuil na cuspóirí céanna acu agus atá ag Treoir 2004/35/CE.

⁴⁸ Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143; 30.4.2004, lch. 56).

- (63) Tá an Treoir seo gan dochar do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹, do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁰ agus do Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵¹. Go háirithe, de bhun na dTreoracha sin, féadfaidh údaráis chonarthaigh agus eintitis chonarthaigh aon oibreoir eacnamaíoch a eisiáil nó féadfaidh na Ballstáit ceangal a chur orthu é a eisiáil ó rannpháirtíocht i nós imeachta soláthair nó i nós imeachta dámhachtana lamháltais, i gcás inarb infheidhme, i gcás inar féidir leo a léiriú trí bhealach iomchuí ar bith gur sáraíodh na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair, lena n-áirítear na hoibleagáidí sin a eascraíonn as comhaontuithe idirnáisiúnta áirithe a dhaingnídh na Ballstáit uile agus atá liostaithe sna Treoracha sin, nó go bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach, rud a fhágann go bhfuil a ionracas in amhras.
- (64) [...]
- (65) Maidir le daoine a oibríonn i gcuideachtaí atá faoi réir oibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo nó atá i dteagmháil leis na cuideachtaí sin i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oibre, féadfaidh ról lárnach a bheith acu maidir le sárúithe ar rialacha na Treorach seo a nochtadh. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú le sárúithe den sórt sin a chosc agus a dhíspreagadh agus forfheidhmiú na Treorach seo a neartú. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2019/1937 maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe den sórt sin.

⁴⁹ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁵⁰ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis atá ag feidhmiú sna hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair agus seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

⁵¹ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

- (66) Chun sonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis gur cheart do chuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe faoi na forálacha maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach faoi Threoir 2013/34/AE a bheith ag déanamh cumarsáide maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le rialacha breise a chinneadh maidir le hinneachar agus critéir tuairiscithe den sórt sin, lena sonraítear faisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, tionchair fhéideartha agus iarbhir agus bearta arna ndéanamh i ndáil leis na tionchair sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁵². Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (67) Ba cheart an Treoir seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais um chosaint sonraí agus an ceart ar chosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta mar a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta faoin Treoir seo, is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 a dhéanfar í, lena n-áirítear na ceanglais maidir le teorannú de réir cuspóra, íoslaghdu sonraí agus teorannú stórála.
- (68) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵³ agus thug sé tuairim uaidh an ... 2022.
- (69) [...]

⁵² IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁵³ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart earnálacha nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun í a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó de bharr fianaise shoiléir a bheith ann maidir le dúshaothrú saothair, sáruithe ar chearta an duine nó bagairtí comhshaoil atá ag teacht chun cinn, ar cheart an liosta de choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta, nó ar cheart na forálacha maidir le dícheall cuí faoin Treoir seo a leathnú chun drochthionchair aeráide a chumhdach. Ba cheart don Choimisiún measúnú breise a dhéanamh féachaint cé acu an gá nó nach gá athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir agus na tairseacha a úsáidtear chun raon feidhme na Treorach seo a shainiú, cé acu ar cheart nó nár cheart daoine dlítheanacha eile a chumhdach nó cé acu an gá nó nach gá athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar an ‘slabhra gníomhaíochtaí’, lena n-áirítear infheistíocht arna soláthar ag gnóthais airgeadais rialáilte **nó soláthar seirbhísí airgeadais de réir bhrí na treorach seo arna dhéanamh ag gnóthais airgeadais rialáilte, gan beann ar chinneadh Ballstáit an treoir sin a chur i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí airgeadais arna dhéanamh ag gnóthais airgeadais rialáilte.**
- (71) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó ar bhealach neamh-chomhordaithe, cuspóir na Treorach seo, eadhon leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó drochthionchair iarbhrí ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc agus a mhaolú i slabhraí gníomhaíochta cuideachtaí, a ghnóthú go leordhóthanach ach de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na ngníomhaíochtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, tá gné thrasnáisiúnta ag roinnt le fadhbanna agus cúiseanna na bhfadhbanna sin, toisc go bhfuil cuid mhór cuideachtaí ag feidhmiú ar fud an Aontais nó ar fud an domhain agus go bhfuil slabhraí luacha leathnaithe chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha. Ina theannta sin, tá an baol ann go mbeidh bearta na mBallstát aonair neamhéifeachtach agus go mbeidh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) oibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí arna ndéanamh ag a gcomhpháirtithe gnó i slabhraí gníomhaíochtaí cuideachtaí;
 - (b) dliteanas i leith sáruithe ar na hoibleagáidí thuasluaite; agus
 - (c) an oibleagáid maidir le plean a ghlacadh chun comhoiriúnacht shamhail ghnó agus straitéis ghnó na cuideachta a áirithiú leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le teorainn 1.5 °C a chur leis an téamh domhanda.
2. Ní bheidh an Treoir seo ina foras chun leibhéal cosanta chearta an duine nó chun cosaint an chomhshaoil a laghdú nó chun an aeráid a chosaint dá bhforáiltear le dlí na mBallstát tráth a nglacfar an Treoir seo.
3. Beidh an Treoir seo gan dochar d'oibleagáidí i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghnímh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus beidh feidhm acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht Ballstáit agus a chomhlíonann ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) bhí níos mó ná 500 fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas domhanda níos mó ná EUR 150 milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach ar glacadh ráitis airgeadais nó ar cheart ráitis airgeadais a bheith glactha ina leith;
 - (b) níor shroich an chuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí níos mó ná 250 fostaí aici ar an meán agus bhí glanláimhdeachas de níos mó ná EUR 40 milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach ar glacadh ráitis airgeadais nó ar cheart ráitis airgeadais a bheith glactha ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad EUR 20 milliún i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas a bhaineann leis an aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha is infheidhme arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 agus a liostaítear in Iarscríbhinn II:
 - (i) monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt;
 - (ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia agus deochanna, agus trádáil mhórdhíola amhábhair talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; nó

- (iii) eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).

- 2. Beidh feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht tríú tír agus a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach; nó
 - (b) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún ach nach mó ná EUR 150 milliún san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad EUR 20 milliún i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i mír 1, pointe (b).
- 3. Chun críocha mhír 1, déanfar líon na bhfostaithe páirtaimseartha a ríomh ar bhonn coibhéis lánaimseartha. Déanfar oibrithe gníomhaireachta sealadacha a áireamh nuair a bheidh líon na bhfostaithe á ríomh amhail is dá mba oibrithe iad atá fostaithe go díreach ar feadh tréimhse chomhionann ama ag an gcuideachta.
- 3a. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le cuideachta má chomhlíon an chuideachta na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 nó 2 le linn dhá bhliain airgeadais as a chéile.

4. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1, is é an Ballstát ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta a bheidh inniúil ar ábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo a rialáil.
5. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear i mír 2, is é an Ballstát ina bhfuil a brainse ag an gcuideachta a bheidh inniúil ar ábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo a rialáil. Mura bhfuil brainse ag an gcuideachta in aon Bhallstát, nó má tá brainsí aici atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla, is é an Ballstát inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach a bheidh inniúil chun rialáil a dhéanamh ar ábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo.
6. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí pinsin a mheastar a bheith ina scéimeanna slándála sóisialta faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁴ agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁵. Má chinneann Ballstát an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí pinsin den sórt sin, measfar gur gnóthais airgeadais rialáilte de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv) iad na hinstitiúidí pinsin sin.
7. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le táirgí airgeadais a liostaítear i bpointí (b) agus (f) de phointe (12) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁶.
8. **Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le gnóthais airgeadais rialáilte de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv), agus i ndáil lena gcomhpháirtithe gnó dá soláthraíonn na gnóthais airgeadais rialáilte sin na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (g).**

⁵⁴ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

⁵⁵ Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

⁵⁶ Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘cuideachta’ aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/34/AE;
 - (ii) duine dlítheanach atá bunaithe i gcomhréir le dlí náisiúnta tríú tír i bhfoirm atá inchomparáide leis na foirmeacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/34/AE;
 - (iii) duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2013/34/AE nó i gcomhréir le dlí tríú tír i bhfoirm atá inchomparáide leis na foirmeacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, i gcás ina bhfuil an duine dlítheanach sin go hiomlán comhdhéanta de ghnóthais a eagraítear i gceann de na foirmeacha dlíthiúla a thagann faoi phointí (i) agus (ii);

(iv) gnóthas airgeadais rialáilte, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, ar:

- institiúid creidmheasa é mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁷; gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁸;
- bainisteoir cistí infheistíochta malartacha (BCIM) mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁹, lena n-áirítear bainisteoir Euveca faoi Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁰, bainisteoir EuSEF faoi Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶¹ agus bainisteoir ELTIF faoi Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶²;

⁵⁷ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁵⁸ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

⁵⁹ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

⁶⁰ Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lch. 1).

⁶¹ Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lch. 18).

⁶² Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lch. 98).

- gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS) mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (b), de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶³;
- gnóthas árachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (1), de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁴;
- gnóthas athárachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (4), de Threoir 2009/138/CE;
- institiúid le haghaidh soláthar scoir ceirde laistigh de raon feidhme Threoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁵ i gcomhréir le hAirteagal 2 di, ach amháin sa chás gur roghnaigh Ballstát gan iomlán na Treorach sin, nó codanna de, a chur i bhfeidhm ar an institiúid sin i gcomhréir le hAirteagal 5 den Treoir sin;

⁶³ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

⁶⁴ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

⁶⁵ Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

- contrapháirtí lárnach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁶;
- taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁷;
- meán sainchuspóireach árachais nó athárachais a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 211 de Threoir 2009/138/CE;
- ‘eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁸;

⁶⁶ Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

⁶⁷ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

⁶⁸ Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

- cuideachta sealbhaíochta árachais mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (f), de Threoir 2009/138/CE nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (h), de Threoir 2009/138/CE, atá ina chuid de ghrúpa árachais atá faoi réir maoirseachta ar leibhéal an ghrúpa de bhun Airteagal 213 den Treoir sin agus nach bhfuil díolmhaithe ó mhaoirseacht ghrúpa de bhun Airteagal 214(2) de Threoir 2009/138/CE;
- institiúid íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (d), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁹;
- institiúid ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷⁰;
- soláthróir seirbhísí sluachistiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷¹;
- soláthróir seirbhísí criptea-shócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (8), den [togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margái i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937⁷²] i gcás ina soláthraíonn sé seirbhís criptea-shócmhainní amháin nó níos mó mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (9), den [togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margái i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937];

⁶⁹ Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

⁷⁰ Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

⁷¹ Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1).

⁷² COM/2020/593 final.

- (b) ciallaíonn ‘drochthionchar ar an gcomhshaol’ thionchar ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid II;
- (c) ciallaíonn ‘drochthionchar ar chearta an duine’ tionchar ar dhaoine a eascraíonn as
- (i) mí-úsáid ar cheann de chearta an dhuine a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I Roinn 1, ós rud é go bhfuil na cearta sin cumhdaithe sna hionstraimí idirnáisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I Roinn 2;
- (ii) mí-úsáid ar cheart an duine nach liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I Roinn 1, ach atá san áireamh sna hionstraimí um chearta an duine a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I Roinn 2, ar choinníoll:
- go bhféadfaidh cuideachta nó eintiteas dlíthiúil seachas Ballstát nó tríú tír nó a n-údaráis mí-úsáid a bhaint as ceart an duine;
 - go gcuireann mí-úsáid ar cheart an duine isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear sna hionstraimí um chearta an duine a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid I Roinn 2; agus
 - go bhféadfadh an chuideachta mí-úsáid ar cheart an duine den sórt sin a shainaithint go réasúnach ina hoibríochtaí féin, oibríochtaí a fochuideachtaí nó a comhpháirtithe gnó, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear cineál agus méid oibríochtaí gnó na cuideachta agus a slabhra gníomhaíochtaí, saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an comhthéacs geografach agus oibríochtúil;

- (ca) ciallaíonn ‘drochthionchar’ drochthionchar ar an gcomhshaol agus drochthionchar ar chearta an duine;
- (d) ciallaíonn ‘fochuideachta’ duine dlítheanach trína bhfeidhmítear gníomhaíocht ‘gnóthas rialaithe’ mar a shainmhínítear i bpointe (f) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷³;
- (e) ciallaíonn ‘comhpháirtí gnó’ eintiteas dlíthiúil
 - (i) a bhfuil comhaontú tráchtála ag an gcuideachta leis a bhaineann le hoibríochtaí, táirgí nó seirbhísí na cuideachta nó dá soláthraíonn an cuideachta seirbhísí de bhun phointe (g) (‘comhpháirtí gnó díreach’), nó
 - (ii) nach comhpháirtí gnó díreach é ach a dhéanann oibríochtaí gnó a bhaineann le hoibríochtaí, táirgí nó seirbhísí na cuideachta (‘comhpháirtí gnó indíreach’);
- (ea) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ caidreamh idir an chuideachta agus a comhpháirtí gnó;
- (f) [...]
- (g) ciallaíonn ‘slabhra gníomhaíochtaí’:
 - (i) gníomhaíochtaí comhpháirtithe gnó réamhtheachtacha cuideachta a bhaineann le táirgeadh earraí nó le soláthar seirbhísí arna dhéanamh ag an gcuideachta, lena n-áirítear dearadh, eastóscadh, monarú, iompar, stóráil agus soláthar amhábhhar, táirgí nó codanna de na táirgí agus forbairt an táirge nó na seirbhíse, agus

⁷³ Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

- (ii) gníomhaíochtaí comhpháirtithe gnó iartheachacha cuideachta a bhaineann le dáileadh, iompar, stóráil agus diúscairt an táirge, lena n-áirítear díchóimeáil, athchúrsáil, múiríniú nó líonadh talún, i gcás ina ndéanann na comhpháirtithe gnó na gníomhaíochtaí sin don chuideachta nó thar ceann na cuideachta, cé is moite de dhiúscairt an táirge a dhéanann tomhaltóirí agus dáileadh, iompar, stóráil agus diúscairt an táirge atá faoi réir an rialaithe onnmhairiúcháin faoi Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó an rialaithe onnmhairiúcháin a bhaineann le hairm, muinisin nó ábhair chogaidh, tar éis onnmhairiú an táirge a údarú.

Faoi réir Airteagal 2(8), a mhéid a bhaineann le gnóthais airgeadais rialáilte de réir bhrí phointe (a)(iv), [...] áireofar leis an téarma ‘slabhra gníomhaíochtaí’ [...] na gníomhaíochtaí seo a leanas **freisin**:

- (i) eintitis dhlíthiúla a fhaigheann iasachtaí, soláthar ráthaíochtaí agus gealltanais go díreach ón ngnóthas airgeadais rialáilte;
- (ii) sealbhóirí polasaí agus páirtithe árachaithe faoi chonarthaí árachais arna dtabhairt i gcrích leis an ngnóthas airgeadais rialáilte;
- (iii) eintitis dhlíthiúla a ghéilleann riosca faoi chonradh athárachais agus institiúidí um sholáthar pinsean ceirde dá soláthraítear cumhdach faoi chonradh athárachais arna thabhairt i gcrích leis an ngnóthas airgeadais rialáilte;
- (iv) fochuideachtaí eintiteas dlíthiúil dá dtagraítear i bpointí (i) go (iii) a thairbhíonn den tseirbhís dá dtagraítear i bpointí (i) go (iii), a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an tseirbhís sin atá i gceist.

Ní chumhdaíonn slabhra gníomhaíochtaí gnóthas airgeadais rialáilte de réir bhrí phointe (a)(iv) a sholáthraíonn seirbhísí den sórt sin FBManna, daoine nádúrtha agus teaghlaigh a fhaigheann na seirbhísí sin;

- (h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra gníomhaíochtaí, ceanglais maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fíorú é a dhéanann saineolaí atá neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil taithí agus inniúlacht aige in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá cuntasach as cáilíocht agus iontaofacht an fhíoraithe;
- (i) ciallaíonn ‘FBM’ micrifhiontar, fiontar beag nó meánmhéide, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, nach cuid de mhórghrúpa é, mar a shainmhínítear na téarmaí sin in Airteagal 3(1), (2), (3) agus (7) de Threoir 2013/34/AE;

- (j) ciallaíonn ‘tionscnamh tionscail’ meascán de nósanna imeachta deonacha díchill chuí sa slabhra gníomhaíochta, uirlisí agus sásraí, lena n-áirítear fíoruithe neamhspleácha tríú páirtí, arna bhforbairt agus arna maoirsiú ag rialtais, comhlachais tionscail nó grúpálacha d’eagraíochtaí leasmhara;
- (k) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air nó atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil sainordú aige ó chuideachta de réir bhrí phointe (a)(ii) gníomhú thar a ceann i ndáil le comhlíonadh oibleagáidí na cuideachta sin de bhun na Treorach seo;
- (l) ciallaíonn ‘drochthionchar tromchúiseach’ drochthionchar a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis de bharr a chineáil, nó a dhéanann difear do líon mór daoine nó do limistéar mór den chomhshaol, nó i gcás ina bhfuil sé thar a bheith deacair an staid a bhí ann roimh an drochthionchar a athbhunú;

- (m) ciallaíonn ‘glanláimhdeachas’:
- (i) an ‘glanláimhdeachas’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Threoir 2013/34/AE; nó
 - (ii) i gcás ina gcuireann an chuideachta caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta i bhfeidhm arna nglacadh ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷⁴ nó gur cuideachta í de réir bhrí phointe (a)(ii), an t-ioncam arna shainiú leis an gcreat tuairiscithe airgeadais, nó de réir bhrí an chreata tuairiscithe airgeadais ar ar a bhonn a ullmhaítear ráitis airgeadais na cuideachta;
- (n) ciallaíonn ‘geallsealbhóirí’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, a ceardchumann agus ionadaithe oibrithe, tomhaltóirí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile a ndéanann seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a comhpháirtithe gnó, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus institiúidí comhshaoil, agus cosantóirí chearta an duine agus an chomhshaoil, difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh;
- (o) [...]
- (p) [...]
- (q) Ciallaíonn ‘beart iomchuí’ beart lenar féidir cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus a bhíonn ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear cineál agus méid oibríochtaí gnó na cuideachta agus saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chomhpháirtí gnó shonraigh;

⁷⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

- (r) ciallaíonn ‘máthairchuideachta’ cuideachta a rialaíonn fochuideachta amháin nó níos mó de réir bhrí phointe (d);
- (s) ciallaíonn ‘grúpa cuideachtaí’ máthairchuideachta agus gach ceann dá fochuideachtaí;
- (t) ciallaíonn ‘feabhsúchán’ cúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais a sholáthraíonn an chuideachta do dhuine nó do dhaoine a ndéanann an drochthionchar iarbhríf difear dóibh, lena n-áirítear an duine nó na daoine nó an comhshaol dá ndéantar difear dóibh a thabhairt ar ais don staid ina mbeidís murar tharla an drochthionchar iarbhríf, a bheidh comhréireach le suntasacht agus raon feidhme an drochthionchair agus le himpleachtaí na cuideachta don drochthionchar.

Airteagal 4

Dícheall cuí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol mar a leagtar síos in Airteagal 5 go hAirteagal 11 ('dícheall cuí') trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais agus ina gcórais bainistíochta riosca i gcomhréir le hAirteagal 5;
 - (b) drochthionchair iarbhír nó fhéideartha a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 6;
 - (c) drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú, agus deireadh a chur le drochthionchair iarbhír agus a méid a mhaolú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8;
 - (d) nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 9;
 - (e) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeartais díchill chuí agus a mbeart díchill chuí i gcomhréir le hAirteagal 10;
 - (f) an dícheall cuí a chur in iúl go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 11.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, chun críocha díchill chuí, go bhfuil cuideachtaí i dteideal acmhainní agus faisnéis a chomhroinnt laistigh dá ngrúpaí cuideachtaí faoi seach agus le heintitis dhlíthiúla eile.
3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh oibleagáid ar chuideachta ná ar eintiteas dlíthiúil eile faisnéis a nochtadh dá gcomhpháirtí gnó a bhfuil na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo á gcomhlíonadh acu, ar faisnéis í a mheastar a bheith ina rún trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷⁵.

⁷⁵ Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise neamhnochta agus faisnéis ghnó (rúin trádála) i gcoinne a n-éadála, úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

Airteagal 4a

Dícheall cuí ar leibhéal grúpa

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh máthairchuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 5 go hAirteagal 11 agus in Airteagal 15 a chomhlíonadh thar ceann cuideachtaí ar fochuideachtaí iad a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Tá an méid sin gan dochar do dhliteanas sibhialta fochuideachtaí i gcomhréir le hAirteagal 22.
2. Tá comhlíonadh oibleagáidí díchill chuí ag máthairchuideachta i gcomhréir le mír 1 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas ar fad:
 - (a) soláthraíonn an fhochuideachta an fhaisnéis uile is gá dá máthairchuideachta agus oibríonn sí i gcomhar lena máthairchuideachta chun na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh;
 - (b) ní mór don fhochuideachta cloí le beartas díchill chuí a máthairchuideachta arna oiriúnú dá réir sin chun a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5(1) i ndáil leis an bhfochuideachta;
 - (c) go gcomhtháthaíonn an fhochuideachta dícheall cuí ina beartais agus ina córais bainistíochta riosca go léir i gcomhréir le hAirteagal 5;
 - (d) i gcás inarb ábhartha, go lorgaíonn an fhochuideachta na dearbhuithe conarthacha i gcomhréir le hAirteagal 7(2), pointe (b), nó 8(3), pointe (c);
 - (e) i gcás inarb ábhartha, go bhféachann an fhochuideachta le Conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí gnó indíreach i gcomhréir le hAirteagal 7(3) nó 8(4);
 - (f) i gcás inarb ábhartha, déanann an fhochuideachta an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach nó a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 7(5) nó 8(6).

Airteagal 5

Dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais agus i gcórais bainistíochta riosca na cuideachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais agus ina gcórais bainistíochta riosca go léir agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu.
 - 1a. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas sa bheartas díchill chuí:
 - (a) tuairisc ar chur chuige na cuideachta, lena n-áirítear a beartas san fhadtéarma, maidir le dícheall cuí;
 - (b) cód iompair ina ndéantar cur síos ar rialacha agus prionsabail atá le leanúint ag fostaithe agus fochuideachtaí na cuideachta, agus ag comhpháirtithe gnó díreacha nó indíreacha na cuideachta, i gcás inarb ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 7(2), pointe (b), 7(3), 8(3), pointe (c), nó 8(4); agus
 - (c) ina ndéantar cur síos ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig comhpháirtithe gnó.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a nuashonrú gan moill mhíchuí tar éis athrú suntasach a bheith ann, ach gach 24 mhí ar a laghad.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 4(1) a chur ar bun agus a mhaoirsiú.

Airteagal 6

Drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a shainaithint

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a shainaithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí luacha gníomhaíochtaí, as a gcomhpháirtithe gnó, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.
 - 1a. Chun an oibleagáid i mír 1 a chomhlíonadh, féadfaidh cuideachtaí gach réimse dá n-oibríochtaí féin, limistéir a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina mbaineann siad lena slabhraí gníomhaíochtaí, limistéir a gcomhpháirtithe gnó a mhapáil. Bunaithe ar thorthaí na mapála sin, féadfaidh cuideachtaí measúnú domhain a dhéanamh ar na réimsí inar sainaithníodh drochthionchair a bheith ann nó na cinn is suntasaí.
2. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shainaithint.

3. I gcás ina soláthraíonn gnóthais airgeadais rialáilte de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv), na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (g), ní dhéanfar drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a shainaithint ach amháin sula soláthrófar an tseirbhís sin.
4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibrithe agus geallsealbhóirí ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.

Airteagal 6a

Tosaíocht a thabhairt do dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a sainaithníodh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh cuideachtaí tosaíocht do dhrochthionchair a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin, as drochthionchair a bhfochuideachtaí nó as a gcomhpháirtithe gnó a sainaithníodh de bhun Airteagal 6 chun na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7 nó 8 a chomhlíonadh, i gcás nach bhfuil sé indéanta aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar na drochthionchair uile a sainaithníodh.
2. Beidh tosaíocht na dtionchar díobhálach bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht an tionchair dhíobhálaigh. Déanfar measúnú ar dhéine tionchair dhíobhálaigh bunaithe ar a thromchúisí atá sé, ar líon na ndaoine nó ar mhéid na timpeallachta lena mbaineann, agus ar a dheacra atá sé an staid a bhí ann roimh an tionchar a athbhunú.

3. A luaite a thabharfar aghaidh ar na drochthionchair is suntasaí i gcomhréir le hAirteagal 7 nó 8 laistigh de thréimhse réasúnta, rachaidh an chuideachta i ngleic le drochthionchair nach bhfuil chomh suntasach céanna.

Airteagal 7

Drochthionchair fhéideartha a chosc

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun cosc a chur ar dhrochthionchair a d'fhéadfadh a bheith sainaitheanta, nó ar cheart iad a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 agus, i gcás inar gá, a dtugtar tosaíocht dóibh de bhun Airteagal 6a, i gcomhréir le míreanna 2, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo, nó i gcás nach féidir cosc a chur orthu nó nach féidir iad a chosc láithreach.

Chun na bearta iomchuí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chinneadh, tabharfar aird chuí ar na nithe seo a leanas:

- a) cibé acu an í an chuideachta amháin is cúis leis an drochthionchar ionchasach, arb í an chuideachta agus a fochuideachta nó a comhpháirtí gnó is cúis leis go comhpháirteach, nó arb í comhpháirtí gnó na cuideachta ina slabhra gníomhaíochtaí, agus é sin amháin, is cúis leis;
 - b) ar tharla an drochthionchar fhéideartha in oibríochtaí na fochuideachta, an chomhpháirtí gnó dhírigh nó an chomhpháirtí gnó indírigh; agus
 - c) cumas na cuideachta tionchar a imirt ar an gcomhpháirtí gnó is cúis leis an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ann.
2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:
- (a) i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc, plean gníomhaíochta coisctheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme gan moill mhíchui ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt i gcomhairle leis na geallsealbhóirí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh;

- (b) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí gnó díreach go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc, lena n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid de shlabhra gníomhaíochtaí na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (cascáidiú conarthach). Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 4;
- (c) infheistíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais riachtanacha a dhéanamh, amhail i bpróisis bhainistíochta nó táirgthe agus i mbonneagair bhainistíochta nó táirgthe;
- (d) tacaíocht spriocdhírithe agus chomhréireach a chur ar fáil do FBM atá ina chomhpháirtí gnó de chuid na cuideachta, i gcás ina gcuirfeadh comhlíonadh an chóid iompair nó an phlean gníomhaíochta coisc inmharthanacht an FBM i mbaol. Féadfaidh an tacaíocht spriocdhírithe agus chomhréireach a bheith i bhfoirm maoinithe, amhail maoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, nó cúnamh chun maoiniú a fháil, nó treoir, amhail córais bhainistíochta oiliúna nó uasghrádaithe;
- (e) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cur le cumas na cuideachta an iarmhairt dhíobhálach a chosc nó a mhaolú, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach.

3. Maidir le drochthionchair fhéideartha nach bhféadfaí a chosc ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na gníomhaíochtaí a liostaítear i mír 2, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta um chosc a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 4.

4. Beidh na bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.

Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

5. Maidir le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta i míreanna 2, 3 agus 4, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta, mar rogha dheireanach, staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí gnó ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra gníomhaíochtaí, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, agus iarrachtaí coisctheacha nó maolaithe á saothrú ag an am céanna, má tá súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma. Mura bhfuil aon ionchas réasúnach den sórt sin ann nó murar éirigh leis na hiarrachtaí sa ghearrthéarma, cuirfidh an chuideachta deireadh leis an gcaidreamh gnó;
- (b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más mór an drochthionchar féideartha.

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach agus a fhoirceannadh i gconarthaí arna rialú ag a ndlíthe i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ach amháin i gcás conarthaí ina bhfuil oibleagáid dlí ar na páirtithe iad a dhéanamh.

6. De mhaolú ar mhír 5, nuair a sholáthraíonn gnóthais airgeadais rialáilte de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv), na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (g), ní cheanglófar orthu an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach ná a fhoirceannadh.

I gcás ina gcinneann an gnóthas airgeadais rialáilte de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv), gan an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach nó a fhoirceannadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, déanfaidh sé faireachán ar an drochthionchar iarbhir agus iarrachtaí coisctheacha nó maolaithe á saothrú aige.

7. De mhaolú ar mhír 5, ní cheanglófar ar an gcuideachta an caidreamh gnó a fhoirceannadh sna cásanna seo a leanas:

- (a) go bhfuil ionchas réasúnta ann go mbeadh tionchar díobhálach níos déine ná an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ann nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go leordhóthanach mar thoradh ar an bhfoirceannadh; nó
- (b) nach ann d'aon rogha eile ar an gcaidreamh gnó sin, a sholáthraíonn amhábharr, táirge nó seirbhís atá riachtanach do tháirgeadh earraí nó do sholáthar seirbhísí ag an gcuideachta, agus go ndéanfaidh an fhoirceannadh dochar substaintiúil don chuideachta.

I gcás ina gcinnfidh an chuideachta gan an caidreamh gnó a fhoirceannadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tuairisceoidh sí don údarás inniúil maoirseachta faoi na cúiseanna a bhfuil údar cuí leo leis an gcinneadh sin.

Déanfaidh an chuideachta faireachán ar an drochthionchar féideartha, athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar a cinneadh gan an caidreamh gnó a fhoirceannadh agus caidreamh gnó malartach a lorg.

8. An oibleagáid an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach nó a fhoirceannadh de bhun mhír 5, ní bheidh feidhm aici maidir le comhaontuithe tráchtála arna dtabhairt i gcrích ag an gcuideachta roimh dhul in éag na tréimhse trasúimh i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir seo.

Airteagal 8

Drochthionchair iarbhír a thabhairt chun deiridh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír a sainaitheodh, nó ba cheart a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6, agus, i gcás inar gá, arna gcur in ord tosaíochta de bhun Airteagal 6ú a thabhairt chun deiridh, i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.

Chun na bearta iomchuí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chinneadh, tabharfar aird chuí ar na nithe seo a leanas:

- (a) cibé acu an í an chuideachta amháin is cúis leis an drochthionchar iarbhír, arb í an chuideachta agus a fochuideachta nó a comhpháirtí gnó is cúis leis go comhpháirteach, nó arb í comhpháirtí gnó na cuideachta ina slabhra gníomhaíochtaí, agus é sin amháin, is cúis leis;
 - (b) ar tharla an tionchar díobhálach iarbhír in oibríochtaí na fochuideachta, an chomhpháirtí gnó dhírigh nó an chomhpháirtí gnó indírigh; agus
 - (c) cumas na cuideachta tionchar a imirt ar an gcomhpháirtí gnó is cúis leis an drochthionchar iarbhír.
2. I gcás nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí méid an tionchair sin a íoslaghdú.
 3. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:
 - (a) an drochthionchar a neodrú nó a mhéid a íoslaghdú. Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus raon feidhme an drochthionchair agus le himpleacht na cuideachta leis an drochthionchar;

- (b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach, gan moill mhíchuí, plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt i gcomhairle leis na geallsealbhóirí;
- (c) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí gnó go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc, lena n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg ó na chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid den slabhra gníomhaíochtaí iad (cascáidiú conarthach). Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 5;
- (d) infheistíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais riachtanacha a dhéanamh, amhail i bpróisis bhainistíochta nó táirgthe agus i mbonneagair bhainistíochta nó táirgthe;
- (e) tacaíocht spriocdhírthe chomhréireach a chur ar fáil do FBM atá ina chomhpháirtí gnó de chuid na cuideachta, i gcás ina gcuirfeadh comhlíonadh an chóid iompair nó an phlean gníomhaíochta ceartaithí inmharthanacht FBM i mbaol. Féadfaidh an tacaíocht spriocdhírthe agus chomhréireach a bheith i bhfoirm maoinithe, amhail maoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, nó cúnamh chun maoiniú a fháil, nó treoir, amhail córais bhainistíochta oiliúna nó uasghrádaithe;
- (f) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an tionchair sin a íoslaghdú, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach;
- (g) feabhsúchán a chur ar fáil do na daoine agus do na pobail lena mbaineann.

4. Maidir le drochthionchair iarbhír nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 3, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí indíreach gnó, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 5.

5. Beidh na bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.

Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

6. Maidir le drochthionchair iarbhír de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a íoslaghdú leis na bearta i míreanna 3, 4 agus 5, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta mar rogha dheireanach staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí gnó ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra gníomhaíochtaí, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach i ndáil leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, agus iarrachtaí á ndéanamh deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an tionchair dhíobhálaigh a íoslaghdú, má tá ionchas réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma. Mura bhfuil aon ionchas réasúnach den sórt sin ann nó murar éirigh leis na hiarrachtaí sa ghearrthéarma, cuirfidh an chuideachta deireadh leis an gcaidreamh gnó;

- (b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar.

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach agus a fhoirceannadh i gconarthaí arna rialú ag a ndlíthe i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ach amháin i gcás conarthaí ina bhfuil oibleagáid dlí ar na páirtithe iad a dhéanamh.

7. De mhaolú ar mhír 6, nuair a sholáthraíonn gnóthas airgeadais rialáilte de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv), na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (g), ní bheidh sé de cheangal orthu an caidreamh gnó a fhionraí go sealadach ná a fhoirceannadh.

I gcás ina gcinneann an gnóthas airgeadais rialáilte de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv), gan an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach nó a fhoirceannadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, déanfaidh sé faireachán ar an drochthionchar iarbhrí agus iarrachtaí á ndéanamh aige deireadh a chur leis an tionchar díobhálach nó méid an tionchair dhíobhálaigh a íoslaghdú.

8. De mhaolú ar mhír 6, ní cheanglófar ar an gcuideachta an caidreamh gnó a fhoirceannadh sna cásanna seo a leanas:
- (a) go bhfuil ionchas réasúnta ann go mbeadh tionchar díobhálach níos déine ná an tionchar díobhálach iarbhír nach bhféadfaí a thabhairt chun críche ná a íoslaghdú mar thoradh ar an bhfoirceannadh; nó
 - (b) nach ann d'aon rogha eile ar an gcaidreamh gnó sin, a sholáthraíonn amhábhhar, táirge nó seirbhís atá riachtanach do tháirgeadh earraí nó do sholáthar seirbhísí ag an gcuideachta, agus go ndéanfaidh an foirceannadh dochar substaintiúil don chuideachta.

I gcás ina gcinnfidh an chuideachta gan an caidreamh gnó a fhoirceannadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, tuairisceoidh sí don údarás inniúil maoirseachta faoi na cúiseanna a bhfuil údar cuí leo leis an gcinneadh sin.

Déanfaidh an chuideachta faireachán ar an tionchar díobhálach iarbhír, déanfaidh sí athmheasúnú tréimhsiúil ar a cinneadh gan an caidreamh gnó a fhoirceannadh agus lorgóidh sí caidreamh gnó eile.

9. An oibleagáid an caidreamh gnó a chur ar fionraí go sealadach nó a fhoirceannadh de bhunmhír 6, ní bheidh feidhm aici maidir le comhaontuithe tráchtála arna dtabhairt i gcrích ag an gcuideachta roimh dhul in éag na tréimhse trasúimh i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir seo.

Airteagal 9

Nósanna imeachta gearán

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí an deis ar fáil do dhaoine agus d'eagraíochtaí atá liostaithe i mír 2 gearáin a chur faoina mbráid i gcás ina bhfuil inní dhlisteanach orthu maidir le drochthionchair iarbhír nó fhéideartha i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó i slabhraí gníomhaíochtaí na gcuideachtaí.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas na gearáin a chur isteach:
 - (a) daoine dá ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar a bheith acu orthu;
 - (b) ceardchumann agus ionadaithe eile oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra gníomhaíochta lena mbaineann; agus
 - (c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an drochthionchar ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol is ábhar don ghearán.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh cuideachtaí nós imeachta cothrom, inrochtana agus trédhearcach chun déileáil le gearáin dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil an gearán gan bhunús, agus cuirfidh sí na hoibrithe agus na ceardchumainn ábhartha ar an eolas faoin nós imeachta sin. Áiritheofar leis an nós imeachta rúndacht chéannacht an duine nó na heagraíochta atá ag tiolacadh an ghearáin, agus na bearta is gá chun aon chineál frithbhirt ón gcuideachta agus óna fochuideachtaí a chosc.

Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an ngearán, go measfar an drochthionchar is ábhar don ghearán a bheith sainaitheanta de réir bhrí Airteagal 6 agus go ndéanfaidh an chuideachta bearta iomchuí i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8, lena n-áirítear feabhsúchán a sholáthar i gcás inarb ábhartha.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gearánaithe i dteideal an mhéid a leanas:
- (a) obair leantach iomchuí a iarraidh ar an ngearán ón gcuideachta a bhfuil gearán curtha isteach aici léi de bhun mhír 1; agus
 - (b) bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha atá ina n-ábhar don ghearán a phlé.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar do chuideachtaí na hoibleagáidí a leagtar síos i míreanna 1 agus 3, an chéad fhomhír, a chomhlíonadh trí rannpháirtíocht i nósanna imeachta comhoibríocha gearáin, lena n-áirítear na nósanna imeachta sin arna mbunú go comhpháirteach ag cuideachtaí, trí chomhlachais tionscail nó trí thionscnaimh il-gheallsealbhóirí, ar choinníoll go gcomhlíonann na nósanna imeachta comhchoiteanna na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

Airteagal 10

Faireachán

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí agus ar a mbearta féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí gníomhaíochtaí na cuideachta, ar oibríochtaí a gcomhpháirtithe ghnó, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. Beidh na measúnuithe sin bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad gan moill mhíchuí tar éis athrú suntasach a bheith ann, ach gach 24 mhí ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí suntasacha nua teacht chun cinn maidir leis na drochthionchair sin a tharlú. Déanfar an beartas díchill chuí a nuashonrú i gcomhréir le toradh na measúnuithe sin agus aird chuí á tabhairt ar fhaisnéis ábhartha ó gheallsealbhóirí.
2. De mhaolú ar mhír 1, **nuair a sholáthraíonn** gnóthais airgeadais rialáilte **na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (g)** de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv), [...] ní dhéanfaidh siad measúnuithe tréimhsiúla, maidir **lena** gcomhpháirtithe gnó, ach chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí an cosc, an maolú, an deireadh a chur le méid na n-iarmhairtí díobhálacha a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus íoslaghdú an mhéid sin.

Airteagal 11

Cumarsáid a dhéanamh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE tuarascáil ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo trí ráiteas bliantúil don bhliain airgeadais a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta. Foilseofar an ráiteas laistigh de thréimhse réasúnach ama nach faide ná 12 mhí tar éis dháta chlár comhardaithe na bliana airgeadais a bhfuil an ráiteas tarraingthe suas ina leith.

Cuideachtaí a áirítear i dtuarascáil bhainistíochta chomhdhlúite agus atá díolmhaithe ó na hoibleagáidí faoi Airteagail 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE i gcomhréir le hAirteagail 19a(7) agus 29a(7) den Treoir sin, measfar go bhfuil an oibleagáid faoin Airteagal seo comhlíonta acu.
2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi mhír 1, lena sonrófar faisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, drochthionchair fhéideartha agus iarbhir agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina leith sin.

Airteagal 12

Clásail chonarthacha shamplacha

Chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun comhlíonadh Airteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 8(3), pointe (c) a éascú, glacfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, treoir maidir le clásail chonarthacha shamplacha dheonacha.

Airteagal 13

Treoirlínte

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha, tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Airteagal 14

Bearta tionlacain

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe gnó ina slabhraí gníomhaíochtaí, déanfaidh na Ballstáit, ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha atá tiomnaithe go leithleach nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú. Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar na FBManna atá i láthair i slabhraí gníomhaíochtaí na gcuideachtaí.
2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna.
3. Féadfaidh an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtríú tíortha agus chun bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha geallsealbhóirí a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.
4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh lena mbaineann raon geallsealbhóirí chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail 5 go 11 a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnaimh sin, a éascú. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnaimh lena mbaineann raon geallsealbhóirí.

Airteagal 15

Dul i ngleic leis an athrú aeráide

1. Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), agus Airteagal 2(2), pointe (a), plean, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus pleananna airgeadais agus infheistíochtaí gaolmhara a chur chun feidhme, chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis ghnó na cuideachta comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/1119, agus i gcás inarb ábhartha, neamhchosaint an ghnóthais ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le gual, ola agus gás, dá dtagraítear in Airteagail 19a(2), pointe (a)(iii), agus 29a(2), pointe (a)(iii), de Threoir 2013/34/AE. Sainithneofar leis an bplean sin, go háirithe, ar bhonn faisnéise atá ar fáil go réasúnach don chuideachta, a mhéid atá an t-athrú aeráide ina riosca nó ina thionchar ar oibríochtaí na cuideachta.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina sainithnítear, nó inar cheart gur sainithníodh, an t-athrú aeráide mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, go ndéanfaidh an chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur ina plean.
- 3 [...]

Airteagal 16

Ionadaí údaraithe

1. Leagfaidh na Ballstáit rialacha síos chun a cheangal go ndéanfaidh cuideachta, de réir bhrí Airteagal 2(2) atá ag oibriú i mBallstát, duine dlítheanach nó nádúrtha a ainmniú mar a hionadaí údaraithe, atá bunaithe nó ina bhfuil sainchónaí air i gceann de na Ballstáit ina n-oibríonn sí. Beidh an t-ainmniú bailí nuair a dheimhneofar gur ghlac an t-ionadaí údaraithe leis.

2. Leagfaidh na Ballstáit rialacha síos lena gceanglófar go dtabharfaidh an t-ionadaí údaráithe nó an chuideachta fógra faoi ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an ionadaí údaráithe d'údarás maoirseachta sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar an ionadaí údaráithe nó ina bhfuil sé bunaithe. Déanfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos chun a cheangal go soláthróidh an t-ionadaí údaráithe, cóip den ainmniú a sholáthar i dteanga oifigiúil Ballstáit, arna iarraidh sin, d'aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta.
3. Leagfaidh na Ballstáit rialacha síos chun a cheangal go gcuirfidh an t-ionadaí údaráithe nó an chuideachta in iúl d'údarás maoirseachta sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar an ionadaí údaráithe nó ina bhfuil sé bunaithe agus, i gcás nach ionann é, údarás maoirseachta sa Bhallstát inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach gur cuideachta í an chuideachta de réir bhrí Airteagal 2(2).
4. Leagfaidh na Ballstáit rialacha síos chun a cheangal go dtabharfaidh gach cuideachta de chumhacht dá ionadaí údaráithe cumarsáid a fháil ó údaráis mhaoirseachta maidir leis na hábhair uile is gá chun na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá a thabhairt dá n-ionadaí údaráithe chun dul i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta.
5. I gcás ina mainneoidh an chuideachta de réir bhrí Airteagal 2(2) na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo a chomhlíonadh, ba cheart go mbeadh gach Ballstát ina n-oibríonn an chuideachta sin inniúil chun comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. An Ballstát a bhfuil sé ar intinn aige na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo a fhorfheidhmiú, tabharfaidh sé fógra do na húdaráis mhaoirseachta trí Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 21 ionas nach bhforfheidhmeoidh na Ballstáit eile iad.

Airteagal 17

Údaráis Mhaoirseachta

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás maoirseachta amháin nó níos mó chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos i bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagail 6 go 11 agus Airteagal 15 ('údarás maoirseachta').
2. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), is é a bheidh san údarás maoirseachta inniúil údarás maoirseachta an Bhallstáit ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta sin.
3. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), is é a bheidh san údarás maoirseachta inniúil údarás maoirseachta an Bhallstáit ina bhfuil brainse ag an gcuideachta sin. Mura bhfuil brainse ag an gcuideachta in aon Bhallstát, nó mura bhfuil brainsí aici i mBallstáit éagsúla, is é údarás maoirseachta an Bhallstáit inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an dáta a luaitear in Airteagal 30 nó an dáta a chomhlíonann an chuideachta na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(2) den chéad uair a bheidh an t-údarás maoirseachta inniúil, cibé acu is déanaí.

Féadfaidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), ar bhonn athrú ar imthosca as a n-eascaíonn an chuid is mó dá láimhdeachas san Aontas i mBallstát eile, iarraidh chuí-réasúnaithe a dhéanamh chun an t-údarás maoirseachta atá inniúil ar ábhair a chumhdaítear sa Treoir seo a athrú i ndáil leis an gcuideachta sin.

- 3a. I gcás ina gcomhlíonann an mháthairchuideachta na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo thar ceann a fochuideachtaí i gcomhréir le hAirteagal 4a, is é údarás maoirseachta na máthairchuideachta agus a fochuideachtaí údarás inniúil maoirseachta na máthairchuideachta de bhun mhír 2 nó mhír 3.

Nuair a shainaithníonn an t-údarás maoirseachta faoin gcéad fhomhír mainneachtain na fochuideachta na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 4a(2) a chomhlíonadh, tabharfaidh sé fógra don údarás maoirseachta a bheadh inniúil i ndáil leis an bhfochuideachta sin i gcomhréir le mír 2 nó le mír 3, na cumhachtaí a thabhairt i gcrích maidir leis an bhfochuideachta sin i gcomhréir le hAirteagail 18 agus 20.

4. I gcás ina n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás maoirseachta amháin, áiritheoidh sé go saineofar inniúlachtaí faoi seach na n-údarás sin go soiléir agus go gcomhoibreoidh siad go dlúth agus go héifeachtach lena chéile.
5. Féadfaidh na Ballstáit na húdaráis a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthais airgeadais rialáilte mar údaráis mhaoirseachta freisin chun críocha na Treorach seo.

6. Faoi dáta a léirítear in Airteagal 30(1), pointe (a) cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi ainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta arna n-ainmniú de bhun an Airteagail seo, mar aon lena n-inniúlachtaí faoi seach i gcás ina bhfuil roinnt údarás maoirseachta ainmnithe ann. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe a dhéanfar air.
7. Cuirfidh an Coimisiún liosta na n-údarás maoirseachta ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go rialta ar bhonn na faisnéise a gheofar ó na Ballstáit.
8. Ráthóidh na Ballstáit neamhspleáchas na n-údarás maoirseachta agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh siad féin agus gach duine a oibríonn dóibh nó a d'oibrigh dóibh agus iniúchóirí nó saineolaithe a bheidh ag gníomhú thar a gceann, a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus le hurraim chuí ar oibleagáidí na rúndachta gairmiúla. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-údarás neamhspleách go dlíthiúil agus go feidhmiúil ar na cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo nó ar leasanna margaidh eile, go mbeidh a fhoireann agus na daoine atá freagrach as a bhainistiú saor ó choinbhleachtaí leasa, faoi réir ceanglais rúndachta, agus go staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena ndualgais.

Airteagal 18

Cumhachtaí na n-údarás maoirseachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis mhaoirseachta chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht faisnéis a iarraidh agus imscrúduithe a dhéanamh maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 6 go 11 agus Airteagal 15. Maidir le hAirteagal 15, ní cheanglóidh na Ballstáit ar údaráis mhaoirseachta ach maoirseacht a dhéanamh ar a bhfuil an plean glactha ag cuideachtaí.

2. Féadfaidh údarás maoirseachta imscrúdú a thionscnamh uaidh féin nó mar thoradh ar ábhair inné chuí-réasúnaithe a cuireadh in iúl dó de bhun Airteagal 19, má mheasann sé go bhfuil faisnéis leordhóthanach aige lena léirítear gur sháraigh cuideachta na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo.
3. Déanfar cigireachtaí i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina ndéantar an chigireacht agus i gcomhréir le réamhrabhadh don chuideachta, ach amháin i gcás ina gcuirfidh an réamhfhógra sin bac ar éifeachtacht na cigireachta. I gcás inar mian le húdarás maoirseachta, mar chuid dá imscrúdú, cigireacht a dhéanamh ar chríoch Bhallstáit nach é a Bhallstát féin é, iarrfaidh sé cúnamh ar an údarás maoirseachta sa Bhallstát sin de bhun Airteagal 21(2).
4. Más rud é, mar thoradh ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun mhír 1 agus mhír 2, go sainaithníonn údarás maoirseachta mainneachtain na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh, tabharfaidh sé tréimhse iomchuí ama don chuideachta lena mbaineann chun gníomhaíocht feabhais a dhéanamh, má tá gníomhaíocht den sórt sin indéanta.

Le gníomh feabhais a dhéanamh, ní chuirtear bac ar phionóis a fhorchur ná ar dhliteanas sibhialta a ghníomhachtú i gcás damáistí, i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 22, faoi seach.

5. Agus a gcúraimí á ndéanamh acu, beidh na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad ag na húdaráis mhaoirseachta:
 - (a) a ordú:
 - (i) go scoirfí de shárúithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo;
 - (ii) go staonfaí ó aon athdhéanamh ar an iompar ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí; agus
 - (iii) i gcás inarb iomchuí, gníomhaíocht feabhais atá comhréireach leis an sárú agus atá riachtanach chun an sárú a thabhairt chun deiridh a chur ar fáil;

- (b) pionóis a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 20; agus
 - (c) bearta eatramhacha a ghlacadh i gcás práinne mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach dholeasaithe.
6. Comhlíonfaidh na húdaráis mhaoirseachta na cumhachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo i gcomhréir leis an dlí náisiúnta:
- (a) go díreach;
 - (b) i gcomhar le húdaráis eile; nó
 - (c) trí iarratas a chur isteach chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.
7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil in aghaidh cinneadh ó údarás maoirseachta a bhaineann leis an duine sin agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

Airteagal 19

Ábhair imní chuí-réasúnaithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha i dteideal ábhair imní chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid aon údarais mhaoirseachta i gcás ina bhfuil cúiseanna acu lena chreidiúint, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil cuideachta i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo ('ábhair imní shuntasacha').
2. I gcás ina dtagann ábhar imní cuí-réasúnaithe faoi inniúlacht údarais mhaoirseachta eile, déanfaidh an t-údarás a fhaigheann an t-ábhar imní é a tharchur chuig an údarás sin.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta measúnú ar na hábhair imní chuí-réasúnaithe agus, taobh istigh de thréimhse iomchuí ama, go bhfeidhmeoidh siad a gcumhachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 18.

4. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta, a luaithé is féidir agus i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais, an duine dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe ar a ábhar inní cuí-réasúnaithe agus soláthróidh sé an réasúnú chuige sin.
5. Na daoine a chuireann isteach ábhar inní cuí-réasúnaithe de réir an Airteagail seo agus a bhfuil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, leas dlisteanach acu san ábhar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain acu ar chúirt nó ar chomhlacht poiblí neamhchlaonta eile atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht nós imeachta agus shubstainteach chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomh an údaráis mhaoirseachta.

Airteagal 20

Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos, lena n-áirítear pionóis airgid, agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar pionóis a fhorchur agus, má tá, nuair atá cineál agus leibhéal iomchuí na bpionós á gcinneadh, tabharfar aird chuí go háirithe ar iarrachtaí na cuideachta aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírthe arna soláthar de bhun Airteagail 7 agus 8, chomh maith le comhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhra gníomhaíochtaí, de réir mar a bheidh.
3. Nuair a fhorchuirfear pionóis airgid, beidh siad i gcomhréir le glanláimhdeachas domhanda na cuideachta.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar aon chinneadh de chuid na n- údarás maoirseachta ina bhfuil pionóis a bhaineann le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, go mbeidh sé ar fáil go poiblí ar feadh 3 bliana ar a laghad agus go gcuirfear chuig Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta é. Ní bheidh aon sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 sa chinneadh foilsithe.

Airteagal 21

Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta

1. Bunóidh an Coimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta, ina mbeidh ionadaithe ó na húdaráis mhaoirseachta. Éascóidh an Líonra comhar na n-údarás maoirseachta agus comhordú agus ailíniú cleachtas rialála, imscrúdaitheacha, smachtbhannaí agus maoirseachta na n-údarás maoirseachta agus, de réir mar is iomchuí, comhroinnt faisnéise eatarthu.

Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do ghníomhaireachtaí an Aontais a bhfuil saineolas ábhartha acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo dul isteach i Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta.

- 1a. Bunóidh an Coimisiún córas slán malartaithe faisnéise maidir leis an nglanláimhdeachas arna ghiniúint san Aontas ag cuideachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2), nach bhfuil brainse aici in aon Bhallstát, nó mura bhfuil brainsí aici i mBallstáit éagsúla. Cuirfidh na Ballstáit in iúl go rialta faisnéis atá acu maidir leis an nglanláimhdeachas arna ghiniúint ag na cuideachtaí sin. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis sin laistigh de thréimhse réasúnta ama agus tabharfaidh sé fógra don Bhallstát inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, gur cuideachta í an chuideachta de réir bhrí Airteagal 2(2) agus go bhfuil údarás maoirseachta an Bhallstáit inniúil i gcomhréir le hAirteagal 17(3).
2. Tabharfaidh údaráis mhaoirseachta faisnéis ábhartha agus cúnamh frithpháirteach dá chéile agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus cuirfidh siad bearta i bhfeidhm ar mhaithe le comhar éifeachtach a bhaint amach lena chéile. Áireofar le cúnamh frithpháirteach comhoibriú d'fhonn na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 18 a fheidhmiú, lena n-áirítear maidir le cigireachtaí agus iarrataí ar fhaisnéis.
3. Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta na bearta iomchuí uile is gá chun iarraidh ar chúnamh ó údarás maoirseachta eile a fhreagairt agus déanfar é sin gan aon mhoill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná aon mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. Nuair is gá sin de bharr imthosca an cháis, féadfar an tréimhse a fhadú síneadh suas go dhá mhí ar a mhéad, bunaithe ar údar cuí. Féadfar a áireamh sna bearta sin, go háirithe, faisnéis ábhartha a tharchur maidir le himscrúdú a dhéanamh.
4. Cuimseofar san iarraidh ar chúnamh gach faisnéis is gá, lena n-áirítear cuspóir na hiarrata agus na cúiseanna atá léi. Ní bhainfidh údaráis mhaoirseachta úsáid as an bhfaisnéis a fhaightear trí iarraidh ar chúnamh ach amháin chun na críche ar iarradh í.

5. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta iarrtha an t-údarás maoirseachta iarrthach ar an eolas faoi thorthaí na mbeart nó, de réir mar a bheidh, faoin dul chun cinn maidir leis na bearta atá le déanamh chun freagairt don iarraidh.

6. Ní ghearrfaidh údaráis mhaoirseachta táillí ar a chéile as gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanfar de bhun iarraidh ar chúnamh.

Féadfaidh údaráis mhaoirseachta rialacha a chomhaontú le chéile, áfach, le go slánóidh údaráis mhaoirseachta eile iad maidir le caiteachas sonrach a éiríonn as cúnamh a sholáthar i gcásanna eisceachtúla.

7. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta atá inniúil de bhun Airteagal 17(3) Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta ar an eolas faoin méid sin agus faoi aon iarraidh an t-údarás inniúil maoirseachta a athrú.

8. Nuair atá amhras ann maidir le sannadh na hinniúlachta, déanfar an fhaisnéis ar a bhfuil an sannadh sin bunaithe a roinnt le Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta, rud a d'fhéadfadh iarrachtaí a chomhordú chun teacht ar réiteach.

9. Foilseoidh Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta cinntí na n-údarás maoirseachta ina bhfuil pionóis dá dtagraítear in Airteagal 20(4).

Airteagal 22

Dliteanas sibhialta cuideachtaí agus ceart chun lánchúitimh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar cuideachta a chur faoi dhliteanas i leith damáiste a dhéantar do dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ar choinníoll:
- (a) gur mhainnigh an chuideachta d'aon ghnó nó le faillí na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 7 agus 8 a chomhlíonadh, nuair atá an ceart, an toirmeasc nó an oibleagáid a liostaítear in Iarscríbhinn I dírithe ar an duine nádúrtha nó dlítheanach a chosaint; agus
 - (b) mar thoradh ar mhainneachtain dá dtagraítear i bpointe (a), go ndearnadh damáiste do leas dlíthiúil an duine nádúrtha nó dlítheanaigh atá faoi chosaint faoin dlí náisiúnta.

Ní féidir cuideachta a chur faoi dhliteanas más iad a comhpháirtithe gnó amháin ba chúis leis an damáiste ina slabhra gníomhaíochtaí.

2. I gcás ina raibh an chuideachta faoi dhliteanas i gcomhréir le mír 1, beidh sé de cheart ag duine nádúrtha nó dlítheanach cúiteamh iomlán a fháil as an damáiste i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ní bheidh róchúiteamh mar thoradh ar chúiteamh iomlán faoin Treoir seo, cibé acu trí bhíthin damáistí pionósacha, iolracha nó cineálacha eile damáistí.

3. Beidh dliteanas sibhialta cuideachta i leith damáistí a eascraíonn faoin bhforáil seo gan dochar do dhliteanas sibhialta a fochuideachtaí nó aon chomhpháirtí gnó díreach nó indíreach i slabhra gníomhaíochtaí na cuideachta.

I gcás inarb í an chuideachta agus a fochuideachta, comhpháirtí gnó díreach nó indíreach, ba chúis leis an damáiste i gcomhpháirt, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta a bhaineann le coinníollacha an dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh, agus le cearta cúláraigh.

4. Beidh na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo gan dochar do rialacha an Aontais nó do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear le dliteanas níos déine ná an Treoir seo nó nach bhforáiltear dóibh maidir le dliteanas níos déine.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbainfidh cur i bhfeidhm éigeantach leis an dliteanas dá bhforáiltear i bhforálacha an dlí náisiúnta lena dtrasúitear an tAirteagal so i gcásanna nach é dlí Ballstáit an dlí is infheidhme maidir le héilimh chuige sin.

Airteagal 23

Sáruihte a thuairisciú agus cosaint daoine a dhéanann tuairisciú

Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruihte den sórt sin.

Airteagal 24

[...]

Airteagal 25

[...]

Airteagal 26

[...]

Airteagal 27

Leasú ar Threoir (AE) 2019/1937

I bPointe E.2 de Chuid I den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1937, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

(vi) Treoir... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (IO L ..., ...) ⁺.

* Treoir... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (IO L ..., ...).

Airteagal 28

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó ... [dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir agus dáta na Treorach atá i ndoiciméad... agus cuir isteach tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 29

Athbhreithniú

Faoi [7 mbliana tar éis teacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar measúnú ar na saincheistanna seo a leanas:

- (a) an gá na tairseacha maidir le líon na bhfostaithe agus glanláimhdeachas a leagtar síos in Airteagal 2(1) a athbhreithniú;
- (b) an gá liosta na n-earnálacha in Airteagal 2(1), pointe (b) a athrú, lena n-áirítear chun é a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta;
- (ba) an gá athbhreithniú a dhéanamh ar chritéar an ghlanláimhdeachais arna ghiniúint san Aontas a leagtar síos in Airteagal 2(2) agus ar thairseach an ghlanláimhdeachais ann;

- (bb) an gá Airteagal 2 a athbhreithniú ionas go n-áireofar líon fostaithe agus glanláimhdeachas fhochuideachtaí na cuideachta i ríomh líon na bhfostaithe agus glanláimhdeachas na cuideachta;
- (bc) cibé acu is gá nó nach gá Airteagal 3, pointe (a) a athbhreithniú ionas go gcumhdófar daoine dlítheanacha eile atá comhdhéanta mar fhoirmeacha dlíthiúla atá éagsúil leo siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/34/AE nó i bhfoirm atá inchomparáide leo siúd a liostaítear ann;
- (c) an gá Iarscríbhinn I a mhodhnú, lena n-áirítear i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta;
- (ca) an gá an sainmhíniú ar ‘shlabhra gníomhaíochtaí’ in Airteagal 3, pointe (g), a athbhreithniú, lena n-áirítear cibé an gá soláthar na hinfheistíochta **nó soláthar na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (g) arna dhéanamh ag gnóthais airgeadais rialáilte de réir bhrí Airteagal 3, pointe (a)(iv)**, a áireamh; agus
- (d) ar cheart Airteagail 4 go 14 a leathnú amach chun drochthionchair aeráide a chumhdach nó an gá Airteagal 15 a athbhreithniú.

Airteagal 30

Trasuí

1. Glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit, faoin... [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl láithreach don Choimisiún.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm mar a leanas:

- (a) ón... [3 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo] a mhéid a bhaineann le cuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit agus a raibh níos mó ná 1 000 fostaí acu ar an meán agus a ghin glanláimhdeachas domhanda níos mó ná EUR 300 milliún sa bhliain airgeadais dheireanach roimh... [3 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar glacadh ráitis airgeadais bhliantúla ina leith nó ar cheart iad a bheith glactha ina leith;
- (b) ón... [3 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo] maidir le cuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le reachtaíocht tríú tír agus a ghin glanláimhdeachas níos mó ná EUR 300 milliún san Aontas, sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach roimh... [3 bliana ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo];
- (c) ón... [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] a mhéid a bhaineann le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), agus Airteagal 2(2), pointe (a);
- (d) ón... [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] a mhéid a bhaineann le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b).

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 31

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 32

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

CUID I**1. CEARTA AN DUINE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3, POINTE (C)**

1. [...]
2. An ceart chun na beatha, lena n-áirítear gardaí slándála príobháideacha nó poiblí a chosnaíonn acmhainní, saoráidí nó pearsanra na cuideachta is cúis le bás duine mar gheall ar easpa teagaisc nó rialaithe ón gcuideachta, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
3. Toirmeasc ar chéastóireacht, ar íde atá cruálach, mídhonna nó táireach, lena n-áirítear gardaí slándála príobháideacha nó poiblí lena gcosnaítear acmhainní, saoráidí nó pearsanra na cuideachta lena ndéantar céastóireacht ar dhuine nó íde atá cruálach, mídhonna nó táireach de dheasca easpa teorach nó rialaithe ón gcuideachta, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
4. An ceart chun saoirse agus slándála, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 9(1) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
5. Toirmeasc ar chur isteach treallach nó neamhdhleathach ar phríobháideachas, ar theaghlach, ar theach nó ar chomhfhreagras duine agus ar ionsaithe ar a chlú, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine;
6. Toirmeasc ar chur isteach ar shaoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 18 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

7. An ceart chun tairbhiú de dhálaí oibre córa fabhracha, lena n-áirítear pá cóir agus íosphá leordhóthanach maireachtála, saol cuibhiúil, dálaí oibre sábháilte sláintiúla agus teorainn réasúnach le huaireanta oibre, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
8. Toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibrithe ar thithíocht leordhóthanach, más i gcóiríocht arna soláthar ag an gcuideachta a bhfuil cónaí ar an lucht saothair, agus an toirmeasc ar shrian a chur le rochtain oibrithe ar bhia, éadaí, uisce agus sláintíocht leordhóthanach san ionad oibre, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
9. [...]
10. Toirmeasc ar fhostú linbh faoi bhun na haoise ag a gcríochnaítear an scolaíocht éigeantach agus, in aon chás, leanbh nach óige ná 15 bliana d'aois é, ach amháin i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí na háite fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138), arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagail 4 go 8 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138);
11. Toirmeasc ar na cineálacha is measa de shaothar leanaí (daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois), arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí, 1999 (Uimh. 182). Áirítear sa mhéid sin:
 - (a) gach cineál sclábhaíochta nó gach cineál cleachtas atá cosúil leis an sclábhaíocht, amhail díol agus gáinneáil leanaí, cuibhriú fiachais agus seirfeachas, mar aon le saothar éigeantais nó éigeantach, lena n-áirítear earcú éigeantais nó éigeantach leanaí lena n-úsáid i gcoinbhleachtaí armtha;
 - (b) leanbh a úsáid, a sholáthar nó a thairiscint le haghaidh striapachais, chun pornagrafaíocht a tháirgeadh nó le haghaidh léiriú pornagrafach;

- (c) leanbh a úsáid, a sholáthar nó a thairiscint le haghaidh gníomhaíochtaí aindleathacha, go háirithe chun drugaí a tháirgeadh nó chun gáinneáil a dhéanamh orthu; agus
 - (d) obair ar dócha go ndéanfaí dochar do shláinte, do shábháilteacht nó do mhoráltacht leanaí, de bharr chineál na hoibre nó na gcúinsí faoina ndéantar an obair sin;
12. Toirmeasc ar shaothar éigeantais nó éigeantach, rud a chiallaíonn an obair nó an tseirbhís go léir a ordaítear ar aon duine faoi bhagairt aon phionóis agus nár thairg an duine sin é féin nó í féin dá dheoin féin, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29). Ní chiallóidh saothar éignithe nó éigeantach aon obair nó seirbhísí a chomhlíonann Airteagal 2(2) de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) nó Airteagal 8(3)(b) agus (c) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
13. Toirmeasc ar gach cineál sclábhaíochta agus trádála sclábhaí, lena n-áirítear cleachtais cosúil leis an sclábhaíocht, seirfeachas nó cineálacha eile forlámhas nó leatroim san ionad oibre, amhail teacht i dtír agus uiríslíú ollmhór eacnamaíoch nó gnéasach, nó gáinneáil ar dhaoine, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;

14. [...]
15. An ceart chun saoirse comhlachais, comhthionóil, an ceart eagrúcháin agus chun cómhargála, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 8 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87) agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98). Áirítear na cearta seo a leanas leis sin:
- (a) tá an tsaoirse ag oibrithe ceardchumann a chur ar bun nó dul i bpáirt le ceardchumann;
 - (b) cur ar bun, dul i bpáirt ná ballraíocht i gceardchumann, ní mór gan an méid sin a úsáid mar chúis le hidirdhealú nó frithbheart gan údar maith;
 - (c) tá an tsaoirse ag ceardchumann oibriú i gcomhréir lena mbunreachtanna agus a rialacha gan aon chur isteach ó na húdaráis; agus
 - (d) an ceart chun dul ar stailc agus an ceart chun cómhargála;
16. Toirmeasc ar chóir neamh-chomhionann san fhostaíocht, mura rud é go bhfuil údar leis sin de bharr cheanglais na fostaíochta, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100), Airteagail 1 agus 2 de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111), agus Airteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha. Leis an méid seo áirítear go háirithe:
- (a) luach saothair neamh-chomhionann a íoc as obair ar luach comhionann; agus
 - (b) an t-idirdhealú de bhíthin náisiúntachta nó bunaithe ar thionscnamh sóisialta, cine, dath, gnéas, reiligiún nó tuairimí polaitiúla;

17. [...]
18. Toirmeasc ar athrú díobhálach ithreach, truailliú uisce nó aeir, astaíochtaí díobhálacha nó ídiú iomarcach uisce nó tionchar eile ar acmhainní nádúrtha, amhail dífhoraóisíú:
- (a) a chuireann as go suntasach do na bunúis nádúrtha maidir le bia a chaomhnú agus a tháirgeadh;
 - (b) nach dtugann rochtain do dhuine ar uisce óil atá sábháilte agus glan;
 - (c) a chruthaíonn deacrachtaí do dhuine rochtain a fháil ar shaoráidí sláintíochta nó a dhíothaíonn na saoráidí sin;
 - (d) a dhéanann dochar do shláinte duine,
- arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus Airteagail 11 agus 12 den Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
19. Toirmeasc ar thalamh, ar fhoraóisí agus ar uiscí a dhíbirt nó a thógáil go neamhdhleathach nuair atá talamh, foraoisí agus uiscí á bhfáil, á bhforbairt nó á n-úsáid ar shlí eile, lena n-áirítear trí dhífhoraóisíú, nuair a áirithítear a úsáid slí bheatha duine, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha.
20. [...]
21. [...]

2. IONSTRAIMÍ MAIDIR LE CEARTA AN DUINE AGUS SAOIRSÍ BUNÚSACHA

- ☐ An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla;
- ☐ An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
- ☐ Croíchoinbhinsiúin/bunchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair:
 - ☐ An Coinbhinsiún maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin, 1948 (Uimh. 87);
 - ☐ An Coinbhinsiún i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil, 1949 (Uimh. 98);
 - ☐ An Coinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930 (Uimh. 29) agus Prótacal 2014 lena mbaineann;
 - ☐ An Coinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach a Chur ar Ceal, 1957 (Uimh. 105);
 - ☐ An Coinbhinsiún maidir leis an Aois Íosta, 1973 (Uimh. 138);
 - ☐ An Coinbhinsiún maidir leis na Cineálacha is Measa de Shaothar Leanai, 1999 (Uimh. 182);
 - ☐ An Coinbhinsiún maidir le Luach Saothair Comhionann, 1951 (Uimh. 100);
 - ☐ An Coinbhinsiún maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Slí Bheatha), 1958 (Uimh. 111).

CUID II

TOIRMISC AGUS OIBLEAGÁIDÍ A BHAINNEANN LE COSAINT AN CHOMHSHAOIL DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3, POINTE (B)

1. An oibleagáid chun drochthionchair ar éagsúlacht bhitheolaíoch a sheachaint nó a íoslaghdú, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 10(b) de Choinbhinsiún 1992 maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus leis an dlí is infheidhme sa dlínse ábhartha, lena n-áirítear na oibleagáidí Phrótacal Cartagena maidir le forbairt, láimhseáil, iompar, úsáid, aistriú agus scaoileadh orgánach modhnaithe beo agus oibleagáidí Prótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus na Tairbhí a Bhaineann leis na hAcmhainní sin mar aon lena n-Úsáid a Roinnt go Cóir agus go Cothromasach an 12 Deireadh Fómhair 2014;
2. Toirmeasc a chur ar aon eiseamal a áirítear in bhFoscscríbhinn I go III den Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) an 3 Márta 1973 a allmhairiú, a onnmhairiú, a athonnmhairiú nó a thabhairt isteach ón bhfarraige gan chead, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagail III, IV agus V den Choinbhinsiún;
3. Toirmeasc a chur ar mhonarú, allmhairiú agus onnmhairiú táirgí ar cuireadh mearcair leo a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair an 10 Deireadh Fómhair 2013 (Coinbhinsiún Minamata), arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Choinbhinsiún;
4. Toirmeasc ar úsáid mearcair nó comhdhúl mearcair sna próisis mhonaraithe a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Coinbhinsiún Minamata tar éis an dáta céimnithe amach a shonraítear sa Choinbhinsiún do na próisis leithleacha, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Choinbhinsiún;

5. Toirmeasc ar chóireáil neamhdhleathach dramhaíola mearcair, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Choinbhinsiún Minamata agus le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷⁶;
6. Toirmeasc ar tháirgeadh agus úsáid ceimiceán a liostaítear in Iarscríbhinn A a ghabhann le Coinbhinsiún Stócólm an 22 Bealtaine 2001 ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(a), pointe (i) den Choinbhinsiún agus Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷⁷;
7. Toirmeasc ar láimhseáil, bailiú, stóráil agus diúscairt neamhdhleathach dramhaíola, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(d), pointí (i) agus (ii) den Choinbhinsiún ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha agus Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1021;
8. Toirmeasc ar allmhairiú agus onnmhairiú ceimiceán a liostaítear in Iarscríbhinn III de Choinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (UNEP/FAO) an 10 Meán Fómhair 1998, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagail 10(1), 11(1)(b) agus 11(2) den Choinbhinsiún agus arna léiriú ag an bPáirtí allmhairíochta nó onnmhairíochta sa Choinbhinsiún i gcomhréir leis an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach;

⁷⁶ Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1).

⁷⁷ Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le thruailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

9. Toirmeasc ar allmhairiú agus onnmhairiú neamhdhleathach substaintí rialaithe in Iarscríbhinní A, B, C agus E a ghabhann le Prótacal Montréal um Shubstaintí a ídíonn an Ciseal Ózóin i gCoinbhinsiún Vín um Chosaint an Chisil Ózóin, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 4B de Phrótacal Montréal agus forálacha ceadúnúcháin faoin dlí is infheidhme sa dlínse ábhartha;
10. Toirmeasc ar onnmhairiú dramhaíola guaisí nó dramhaíola eile, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 1(1) agus (2) de Choinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt an 22 Márta 1989 (Coinbhinsiún Basel) agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷⁸:
- (a) chuig páirtí sa Choinbhinsiún a chuir toirmeasc ar allmhairiú dramhaíola guaisí agus dramhaíola eile den sórt sin, arna léiriú i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(b) de Choinbhinsiún Basel;
 - (b) chuig stát allmhairiúcháin nach dtoilíonn i scríbhinn don allmhairiú sonrach, sa chás nach bhfuil toirmeasc curtha ag an stát allmhairiúcháin sin ar dhramhaíl ghuaiseach den sórt sin a allmhairiú, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(c) de Choinbhinsiún Basel;
 - (c) chuig páirtí nach páirtí é i gCoinbhinsiún Basel, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Choinbhinsiún Basel;

⁷⁸ Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsiú dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

- (d) chuig stát allmhairiúcháin mura ndéantar an dramhaíl ghuaiseach nó an dramhaíl eile sin a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol sa stát sin nó in áit eile, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 4(8), an chéad abairt de Choinbhinsiún Basel;
11. Toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach a onnmhairiú ó thíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Coinbhinsiún Basel chuig tíortha nach liostaítear in Iarscríbhinn VII le haghaidh oibríochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, arna léiriú i gcomhréir le hAirteagal 4A de Choinbhinsiún Basel agus le hAirteagal 34 agus Airteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006;
12. Toirmeasc ar dhramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl eile a allmhairiú ó thíortha nach páirtí é agus nár dhaingnigh Coinbhinsiún Basel go fóill, arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Choinbhinsiún Basel;
13. An oibleagáid chun drochthionchair ar na maoine atá sainithe mar oidhreacht nádúrtha a sheachaint nó a íoslaghdú mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a chosaint an 16 Samhain 1972 (an Coinbhinsiún maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda), arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 5(d) den Choinbhinsiún maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda agus leis an dlí is infheidhme sa dlínse ábhartha;
14. An oibleagáid chun drochthionchair ar bhogaigh a sheachaint nó a íoslaghdú mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce an 2 Feabhra 1971 (Coinbhinsiún Ramsar), arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Choinbhinsiún Ramsar agus leis an dlí is infheidhme sa dlínse ábhartha;

15. An oibleagáid truailliú ó longa a chosc, arna léirmhíniú i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc an 2 Samhain 1973, arna leasú le Prótacal 1978 (MARPOL 73/78). Áirítear sa mhéid sin:
- (a) toirmeasc ar scaoileadh amach san fharraige:
 - (i) ola nó meascán olach mar atá sainmhínithe i Rialachán 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialacháin 9 go 11 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MARPOL 73/78;
 - (ii) substaintí leachtacha urchóideacha mar a shainmhínítear iad i Rialachán 1(6) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialacháin 5 agus 6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le MARPOL 73/78; agus
 - (iii) séarachas mar a shainmhínítear é i Rialachán 1(3) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialacháin 8 agus 9 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le MARPOL 73/78;
 - (b) toirmeasc ar thruailliú neamhdhleathach ó shubstaintí díobhálacha a iompraítear ar muir i bhfoirm pacáistithe mar atá sainmhínithe i Rialachán 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialacháin 1 go 7 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le MARPOL 73/78; agus
 - (c) toirmeasc ar thruailliú neamhdhleathach ó dhramhaíl longa mar atá sainmhínithe i Rialachán 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL 73/78, arna léirmhíniú i gcomhréir le Rialacháin 3 go 6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL 73/78;
16. Toirmeasc ar thruailliú neamhdhleathach na muirthimpeallachta trí dhumpáil mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 (UNCLOS), arna léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 210 de UNCLOS agus leis an dlí is infheidhme sa dlínse ábhartha.

LIOSTA DE NA GNÍOMHARTHA EACNAMAÍOCHA A SAINMHÍNÍODH IN
IARSCRÍBHINN IV A GHLABHANN LE RIALACHÁN (CE) Uimh. 1893/2006 DÁ
dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2(1), POINTE (b)

Airteagal	Earnáil	Cód NACE comhfhreagrach
2(1)(b), pointe (i)	Monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart)	Roinn C, Rannán 13-15
2(1)(b), pointe (i)	Trádáil mhórdhíola éadaí agus coisbhirt	Roinn G, Rannán 46, Grúpa 46.4, Aicme 46.41-46.42
2(1)(b), pointe (ii)	Talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú)	Roinn A
2(1)(b), pointe (ii)	Monarú táirgí bia agus deochanna	Roinn C, Rannán 10-11

2(1)(b), pointe (ii)	Trádáil mhórdhíola amhábhhar talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna	Roinn G, Rannán 46, Grúpa 46.1, Aicme 46.11-46.13 agus 46.16-46.17
		Roinn G, Rannán 46, Grúpa 46.2
		Roinn G, Rannán 46, Grúpa 46.3
2(1)(b), pointe (iii)	Eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n- áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh- mhíotalach agus táirgí cairéil eile)	Roinn B
2(1)(b), pointe (iii)	Monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh- mhíotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh)	Roinn C, Rannán 23-25
2(1)(b), pointe (iii)	Trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n- áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile)	Roinn G, Rannán 46, Grúpa 46.7, Aicme 46.71-73 agus 46.75-76